TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS

NA CLÁRLAINNE NÁISIÚNTA AILSE

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

CLÁR NA NÁBHAR

Brollach 1
Ráiteas an Stiúrthóra Eatramhaigh 2
Stair agus Cúlra 3
Ráiteas an Bhoird ar an Rialachas Corparáideach 4
Ráiteas ar Chóras an Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais 6
An Fhoireann 10
Gníomhaíochtaí 12
    Fáil Sonraí 12
    Forbairtí ó thaobh Teicneolaíocht Faisnéise de 15
    Scaipeadh 15
    Taighde 22
Pleanáil Straitéiseach 2013-2016 26
Táscairí Feidhmíochta 29
Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2015 32
Na Cuntais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2015 33

BROLLACH

Bhí bliain spreagúil ag an gClárlann Náisiúnta Ailse. Tá an-áthas orainn gur ceapadh an Dr. Kerri Clough-Gorr mar ár Stiúrthóir nua. Comhcheapachán atá ann sa chaoi go mbeidh Kerri ag obair linn sa Chlárlann Náisiúnta Ailse agus mar Ollamh i Rannóg Eipidéimeolaíochta Choláiste na hOllscoile, Corcaigh. Cuirfidh an cur chuige nua seo ar ár gcumas ár mórfheidhmeanna clárlainne ailse a ailíniú le hacmhainneacht acadúil na Clárlainne a fhorbairt tuilleadh.

Ba mhór ag comhaltaí an Bhoird fáilte is fiche a chur roimh Kerri agus í ag dul i mbun a róil nua. Fuair Kerri ardtaithí ar an earnáil clárlainne ailse ina post deireanach. Tá naisc láidre aici chomh maith leis an bpobal acadúil in Ollscoil Bhostúin.

Thar ceann an Bhoird, is mian liom aitheantas a thabhairt don mhéid a rinne an Dr. Harry Comber nuair a ghlac sé ceannaireacht eatramhach ar an gClárlann tar éis dó dul ar scor lena chinntiú go leanfadh an eagraíocht ar aghaidh ar an mbealach ceart.
Tá caighdeáin rí-arda fós á gcinntiú ag an gClárlann ó thaobh iomláine taifead agus tráthúlachta de. Bhí na tuarascálacha agus na tuairiscí a foilsíodh i mbliana ar fheabhas agus tagann méadú ar líon agus scóip na bhfoilseachán taighde a fhoilsítear bliain i ndiaidh bliana. Bhí faisnéis de chuid na Clárlainne an-áisiúil go deo i dtaca le straitéis ailse nua a fhorbairt, rud atá le foilsiú in 2017, agus bhí an Dr. Harry Comber ina bhall den Ghrúpa Pleanála Straitéisí ina cháil mar an Stiúrthóir Gníomhach.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin do shaineolas agus do thiomantas fhoireann na Clárlainne Náisiúnta Ailse, rudaí a léirítear go soiléir sna sonraí, san anailís agus sna torthaí den chéad scoth a bhaineann siad amach ar bhonn leanúnach.

Is mise, le meas,

An Dr. Susan O'Reilly MB, BCh, BAO, FRCPC, FRCPI
Stiúrthóir Náisiúnta
An Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse

RÁITEAS AN STIÚRTHÓRA EATRAMHAIGH

Mar gheall gurb í seo mo thuarascáil bhliantúil dheireanach, cheap mé gur cheart dom an deis a thapú le súil siar a chaitheamh ar stair na Clárlainne ó bunaíodh sa bhliain 1991 í. Rinneadh trí mhórchinneadh ar an gcéad dul síos a chuir cruth ar fhorbairt na Clárlainne uaidh sin amach — sonraí a thaifeadadh go leictreonach seachas ar fhoirmeacha páipéir; oifigigh cláraithe siadaí a úsáid le cásanna a aimsiú agus a chlárú; agus béim a leagan ar thaighde mar cheann de chroífheidhmeanna na Clárlainne.

Seans nach gceapann tú anois gur aon rud nuálaíoch é sonraí a chlárú go díreach ar ríomhairí glúine, ach bhíomar ar cheann de na chéad ghrúpaí riamh amhlaidh a dhéanamh tráth a raibh an chuid ba mhó de na clárlanna eile fós ag úsáid foirmeacha páipéir. Fuarthas réidh le hearráidí tras-scríbhinne mar thoradh ar an iontráil dhíreach sonraí, cuireadh luas faoin bpróiseas, agus d'fhág sé gur tugadh tús áite don TF sa Chlárlann ón gcéad lá riamh. Cé go raibh foireann níos mó ag teastáil chun an clárú gníomhach a chur i bhfeidhm, thug sé i bhfad níos mó cumhachta dúinn ar chaighdeán an bhunachair sonraí, sonraí níos mionsonraithe agus níos mó solúbthachta nuair a bhí orainn míreanna sonra nua a thabhairt isteach. Anois tá bunachar sonraí den chéad scoth againn, atá chomh maith le haon cheann eile san Eoraip. Cé nach raibh taighde ina chuid suntasach d'aschur na Clárlainne sna chéad bhlianta, cuirtear amach breis is 100 foilseachán piarmheasúnaithe gach bliain anois, rud a fhágann go bhfuil sé ar an saothar taighde eipidéimeolaíochta agus seirbhísí sláinte is mó ar an ailse in Éirinn.

Tar éis 20 bliain, is mór an sásamh dom go bhfuil sonraí ailse i lár an aonaigh i leith cúrsaí ailse, pleanála agus meastóireachta in Éirinn anois. Tá súil agam go leanfaidh an fhorbairt sin ar aghaidh le foilsiú na straitéise náisiúnta ailse nua go gairid.



Harry Comber

STAIR AGUS CÚLRA

Bunú

Cuireadh an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse ar bun le hOrdú Reachtúil Uimh. 19 de 1991, "*Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú)*" faoin *Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe), 1961*. Comhlíonann an Bord na dualgais reachtúla ar fad atá air tríd an gClárlann Náisiúnta Ailse. Rinneadh an tOrdú a leasú faoi dhó; sa bhliain 1996 le I.R. Uimh. 293/1996 (*Ordú fán Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991 (Leasú)*) agus sa bhliain 2009 leis *an Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.*

D'fhógair an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney, T.D., ar an 15 Deireadh Fómhair 2008 go ndéanfaí an Chlárlann Náisiúnta Ailse a chomhtháthú le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in 2010. Dhearbhaigh an tAire Airgeadais é sin ina óráid cháinaisnéise in 2009. Cuireadh an plean sin siar, áfach, go dtí go gcuirfear struchtúir nua sláinte ar bun agus go n-achtófar an Bille um Fhaisnéis Sláinte.

An Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse

Comhlacht reachtúil is ea an Chlárlann Náisiúnta Ailse a cuireadh ar bun sa bhliain 1991 faoin Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú) mar ghníomhaireacht de chuid na Roinne Sláinte agus Leanaí (mar a bhí ag an am). Tá seachtar daoine ar an mBord, a gceapann an tAire Sláinte iad.

Cheap an tAire an Bord reatha ar an 15 Feabhra 2016. Seo a leanas na baill:

- An Dr. Susan O'Reilly (Cathaoirleach)
- An tUas. Michael Conroy
- Orla Flynn, Uas.
- An Dr. Anna Gavin
- An Dr. Fenton Howell
- An Dr. Catherine Kelly
- An tUas. John McCormack.

Feidhmeanna Reachtúla

Seo a leanas feidhmeanna reachtúla na Clárlainne Náisiúnta Ailse, mar atá leagtha amach in Ordú Reachtúil 19 de 1991:

- faisnéis a aithint, a bhailiú, a aicmiú, a thaifeadadh, a stóráil, agus a anailísiú i ndáil le líon agus leitheadúlacht na gcásanna ailse agus siadaí gaolmhara eile in Éirinn;
- faisnéis a bhailiú, a aicmiú, a thaifeadadh, agus a stóráil i ndáil le gach othar aonair ailse nuadhiagnóisithe agus le gach siada nua a tharlaíonn;
- úsáid na sonraí a bhailítear ar an gcaoi seo a chur chun cinn agus a éascú i dtionscadail cheadaithe taighde agus i seirbhísí a phleanáil agus a bhainistiú;
- tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar ghníomhaíochtaí na Clárlainne;
- comhairle, faisnéis, agus cúnamh a chur ar fáil don Aire i ndáil le haon ghné dá leithéid de sheirbhís.

RÁITEAS AN BHOIRD AR AN RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tuairisc Chathaoirleach na Clárlainne Náisiúnta Ailse don bhliain dar críoch an 31/12/2015

1. Forbairtí tábhachtacha ó thaobh na tráchtála de a chuaigh i bhfeidhm ar an gcomhlacht
   Níor tharla aon fhorbairtí tábhachtacha ó thaobh tráchtála de i rith 2015.
2. Nósanna imeachta i ndáil le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, soláthar, agus diúscairt sócmhainní:
   Tá na nósanna imeachta sin á gcur i bhfeidhm de réir na mbeartas agus na dtreoirlínte oifigiúla.
3. An córas um rialú inmheánach airgeadais
   a) *Is ar an mBord atá an fhreagracht as córas an chomhlachta um rialú inmheánach airgeadais.*
   b) *Ní féidir le córas den sórt sin ach cinnteacht réasúnta, nach bhfuil absalóideach, a thabhairt nach bhfuil aon bhotún ábharach déanta.*
   c) *I measc na bpríomhnósanna imeachta atá curtha i bhfeidhm ag an mBord d'fhonn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chinntiú tá:*
      (i) *Struchtúr bainistíochta atá sainmhínithe go soiléir.*
      (ii) *Cuireadh clár rioscaí i dtoll a chéile in 2010 agus coinníodh cothrom le dáta é i rith 2015.*
      (iii) *Cuireadh beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm i ndáil le gach gníomhaíocht airgeadais don bhliain 2015. Tá breac-chuntas tugtha sa cháipéis seo ar na nósanna imeachta i ndáil le tuarastail, sonraisc, agus éilimh chostais a riar, le hidirbhearta cárta creidmheasa agus mionairgid a úsáid, chomh maith leis na nósanna imeachta i ndáil le sócmhainní a dhiúscairt. Is é Coláiste na hOllscoile, Corcaigh a rinne plé leis an bpárolla in 2015. Cuireadh taifid na Clárlainne Náisiúnta Ailse i gcomparáid le taifid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh go rialta lena chinntiú go raibh siad ag teacht le chéile.*
      (iv) *Cheap an Bord an Coiste Iniúchóireachta i mí Aibreáin 2013 agus rinne siad maoirseacht ar obair na nIniúchóirí Inmheánacha i rith 2015.*
      (v) *Reáchtáladh Iarratas ar Thairiscintí le haghaidh Seirbhísí Iniúchóireachta Inmheánaí in 2013 agus chomhaontaigh an Coiste Iniúchóireachta agus an Bord araon na hiniúchóireachtaí inmheánacha ar fad le trí bliana anuas, a bhaineann le croíréimsí airgeadais, eagraíochta, agus oibríochta. In 2015 rinneadh iniúchóireachtaí inmheánacha foirmeálta ar na réimse seo a leanas: Rialuithe Inmheánacha don Bhliain 2014 agus Ioncam Deontais Taighde.*

(vi) Comhaontaíodh buiséad bliantúil foriomlán don Chlárlann Náisiúnta Ailse, a raibh buiséad ar leith don Teicneolaíocht Faisnéise ina chuid de. Cuirtear tuairisc i dtoll a chéile ar bhonn míosúil le figiúirí iarbhír a chur i gcomparáid le figiúirí buiséid agus coinnítear na figiúirí ionchais bliantúla cothrom le dáta i rith na bliana.

(vii) Déanann an Bord athbhreithniú ar thuairiscí airgeadais, idir thréimhsiúil agus bhliantúil, ag gach uile cheann dá chruinnithe.

d) Rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht na Rialuithe Inmheánacha Airgeadais don bhliain 2015 ag an gcruinniú boird i mí Feabhra 2016.

4. Cuireadh cóid iompair gnó do stiúrthóirí agus d'fhostaithe i bhfeidhm agus tá siad á gcomhlíonadh.
5. Tá beartas an Rialtais i ndáil le pá an Stiúrthóra agus fostaithe i gComhlachtaí Stáit á chomhlíonadh.
6. Níl comhlíonadh threoirlínte an Rialtais maidir le táillí stiúrthóirí bainteach le hábhar ós rud é nach n-íocann an Chlárlann Náisiúnta Ailse táillí le stiúrthóirí.
7. Tá na Treoirlínte um Thograí Caiteachais Chaipitiúil a Mheas agus a Bhainistiú san earnáil phoiblí á gcomhlíonadh.
8. Tá riachtanais Beartas Taistil an Rialtais á gcomhlíonadh ar gach bealach.
9. Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2009) agus tá sé á chomhlíonadh go hiomlán.
10. Chomhlíon an Chlárlann Náisiúnta Ailse gach uile ghné de chomhaontuithe conarthacha a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar na ráitis airgeadais mura gcomhlíonfaí iad. Ní dhearnadh aon chumarsáid a bhain le neamhchomhlíonadh riachtanas de chuid údaráis rialála ná údaráis chánachais i leith aon ábhair. Níl an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse ar an eolas faoi aon eachtra, cibé acu b'eachtra iarbhír nó fhéideartha í, ina ndearnadh faillí i ndlíthe nó rialúcháin a chomhlíonadh sa chás go bhféadfadh an eachtra sin tionchar a bheith aici ar na ráitis airgeadais.

Arna shíniú

An Dr. Susan O'Reilly

RÁITEAS AR AN GCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Rialachas

An Bord

Déanann an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse plé le gach ábhar atá leagtha amach i sceideal na n-ábhar, de réir an Chóid Cleachtais.

Treoir faisnéise do bhaill bhoird nua

Tugadh treoir faisnéise do bhaill bhoird tar éis a gceaptha de réir Chreat Rialachais an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse.

Nochtadh leasanna ag baill bhoird

Is é an Riarthóir a choimeádann Clár na Leasanna agus iarrtar ar bhonn bliantúil ar gach ball boird agus gach ball foirne ábhartha a chinntiú go bhfuil an clár sin cothrom le dáta ina leith.

An Coiste Iniúchóireachta

Cheap an Bord nuacheaptha an Coiste Iniúchóireachta i mí an Aibreáin 2013. Tháinig an coiste le chéile 4 huaire le linn 2015.

Feidhmeannas iniúchóireachta inmheánaí

Tá seirbhís iniúchóireachta inmheánaí i bhfeidhm agus tá iniúchadh córasach á dhéanamh aici ar gach réimse de ghníomhaíocht na Clárlainne. Rinneadh iniúchadh ar na réimsí seo a leanas le linn 2015:

- Rialuithe Inmheánacha Airgeadais
- Ioncam Deontais Taighde

Cód iompair gnó do bhaill boird agus do bhaill foirne

Rinneadh é seo a nuashonrú de réir mholtaí na n-iniúchóirí inmheánacha.

Soláthar

Cuireadh na Treoirlínte Soláthair Phoiblí ar a súile do na baill foirne uile agus insíodh dóibh dul chuig an láithreán gréasáin www.etenders.gov.ie le tuilleadh eolais a fháil. Tá an treoir sin ina cuid de Chreat Rialachais an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse.
Scríobhadh treoir do bhaill foirne ar phróisis soláthair agus scaipeadh ar na baill foirne uile a mbíonn baint acu le cúrsaí soláthair í.

Imréiteach cánach

Rinneadh na nósanna imeachta imréitigh cánach a nuashonrú.
Chinntigh an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse go raibh Deimhniú Imréitigh Cánach cothrom le dáta aige i dtaca leis na soláthróirí ar fad a raibh an tairseach bliantúil €10,000 sáraithe acu.

Diúscairt sócmhainní

Níor dhearnadh aon sócmhainní de luach ní ba mhó ná €150,000 a dhiúscairt le linn na tréimhse.

Diúscairt sócmhainní le baill bhoird/baill foirne

Rinneadh aon sócmhainní a rinneadh a dhiúscairt le baill bhoird nó baill foirne a dhiúscairt ar a margadhluach cóir. Rinneadh na diúscairtí ar fad a dhoiciméadú dá réir sin agus bhí siad ar fad in oiriúint leis na nósanna imeachta iomchuí.

Éadálacha/Fochuideachtaí

Níor chuir an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse aon fhochuideachtaí ar bun agus níor thóg sé aon fhochomhlacht dá leithéid ar láimh ach an oiread.

Éagsúlú an phríomhghnó

Ní chaithfidh an Bhord um an gClárlann Náisiúnta Ailse a phríomhghnó a éagsúlú.

Breithmheas ar infheistíochtaí

Ní dhearnadh aon infheistíocht shuntasach chaipitiúil.

Luach saothair an Stiúrthóra

Tá luach saothair an Stiúrthóra ar aon dul leis na treoirlínte iomchuí agus tá sé nochta i dTuarascáil Bhliantúil 2015, áit a bhfuil a bhuntuarastal bliantúil agus sochair aoisliúntais leagtha amach.

Táillí na mball boird

Ní íoctar aon táillí le baill bhoird.
Tá na híocaíochtaí taistil agus cothaithe a fuair siad i leith na gcruinnithe ar fhreastail siad orthu, atá ar aon dul leis na rátaí ceadaithe, leagtha amach i dTuarascáil Bhliantúil 2015.

Beartas pá an Rialtais

Íoctar na fostaithe uile de réir a ngráid.

Socruithe tuairiscithe

Chuir an Cathaoirleach tuairisc bhliantúil an Chathaoirligh faoi bhráid an Aire i mí an Mhárta 2015. Cheadaigh an Bord ráiteas maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais agus bhí an tuairisc sin don Aire ina cuid den ráiteas sin.

Pleanáil Straitéiseach agus Chorparáideach

Ghlac an Bord leis an ráiteas foirmiúil straitéise ba dhéanaí, a bhaineann leis an tréimhse 2013-2016, i mí Mheán Fómhair 2015. Tugadh plean seirbhíse don Roinn Sláinte i mí Feabhra 2015 tar éis fógra foirmiúil a fháil ón Roinn maidir leis an leithdháileadh caiteachais don bhliain. Tugadh mioneolas sa phlean seo ar na seirbhísí a bhí beartaithe don bhliain i bhfianaise ráiteas straitéise an Bhoird agus na sriantachtaí buiséid.

Comhlíonadh cánach

Déanann an Chlárlann plé leis an gCáin Bhreisluacha agus leis an gCáin Iarchoimeádta ar Sheirbhísí Gairmiúla. Is é Coláiste na hOllscoile, Corcaigh a rinne plé leis an bpárolla in 2015, dream a chuireann seirbhís phárolla ar fáil don Bhord.

Bainistíocht Riosca

Ullmhaíodh creat bainistíocht riosca. Tá leagtha amach sa cháipéis sin sainmhíniú ar an riosca, cén chaoi a bhféadtar é a aithint agus a thomhas, cé atá freagrach as, agus na meicníochtaí atá ann i leith riosca a mhonatóiriú, a thuairisciú, agus a mhaolú. Déantar clár rioscaí a nuashonrú ar bhonn rialta ionas go léiríonn sé aidhmeanna straitéiseacha an Bhoird, a ndéanann an Chlárlann le riosca a mhaolú, agus an timpeallacht a bhíonn ag athrú de shíor.
Forbraíodh plean foirmiúil athshlánaithe ó thubaiste/leanúnachais ghnó, ach níl sé curtha i bhfeidhm go hiomlán go fóill. Tá sainaithint déanta sa phlean seo ar na céimeanna a bheadh le tógáil maidir leis an aisghabháil sonraí, ach níl tagairt déanta do chóiríocht oifige.

Airgeadas

An Timpeallacht Rialaithe

Tháinig an Bord le chéile 5 huaire le linn 2015. Cuireadh Foireann Ardbhainistíochta ar bun agus tagann sí le chéile go rialta. Tá leibhéil údaráis tarmligthe i bhfeidhm i dtaobh caiteachais. Tá tuiscint mhaith ag an bhfoireann airgeadais ar na leibhéil sin agus déanann siad monatóireacht orthu.

Faisnéis agus Cumarsáid

Cuirtear cuntais i dtoll a chéile ar bhonn míosúil, breathnaíonn an Stiúrthóir orthu, agus scaiptear ar na páirtithe ábhartha iad. Scríobhadh treoir ar nochtuithe cosanta agus scaipeadh ar na baill foirne uile í.

Gníomhaíochtaí Rialaithe

Coinníonn cuntais rialta bhainistíochta an Bord ar an eolas faoin gcaiteachas i gcoinne an bhuiséid. Déanann idir an Stiúrthóir agus na Riarthóirí monatóireacht ar an gcaiteachas i gcoinne an bhuiséid ar bhonn míosúil. Déantar plé ar mhíreanna nach bhfuil ag teacht leis an mbuiséad agus comhaontaítear bearta le dul i ngleic leo. Cuirtear na cuntais mhíosúla ar aghaidh chuig an Roinn Sláinte agus Leanaí chomh maith lena coinneáil ar an eolas agus le haiseolas a lorg ina leith.

Monatóireacht agus Bearta Ceartaitheacha

Is é an t-athbhreithniú míosúil an príomhbhealach atá againn lena chinntiú go ndéantar monatóireacht ar an gcaiteachas agus go gcomhaontaítear bearta ceartaitheacha más gá.

Rialú Buiséid

Cuirtear an chéad aighneacht maidir leis an mbuiséad bliantúil faoi bhráid na Roinne san fhómhar agus bíonn sé bunaithe ar na figiúirí táirgeachta don bhliain roimhe chomh maith leis na figiúirí caiteachais don bhliain reatha.

Tugtar míniú insinte ar aon difríochtaí suntasacha le figiúirí caiteachais na bliana roimhe. Tugann an Roinn fógra foirmiúil maidir leis an Leithdháileadh Caiteachais Neamhchaipitiúil go luath sa bhliain (i mí Feabhra go hiondúil). Cuireann an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse próifíl mhionsonraithe bhuiséid le chéile ansin bunaithe ar an leithdháileadh foirmiúil a fuarthas ón Roinn, chomh maith le Plean Seirbhíse don bhliain ina leagtar amach na seirbhísí atá beartaithe i bhfianaise an bhuiséid a leithdháileadh. Cuirtear feidhmíocht an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse i gcomparáid leis an bplean seo ó thús deireadh na bliana.
Cuirtear pacáiste cuntas i dtoll a chéile gach mí ina mbíonn na rudaí seo a leanas:

- Cuntas mionsonraithe ioncaim agus caiteachais
- Clár comhardaithe
- Próifíl bhuiséid don bhliain go dtí seo
- Anailís ar dhifríochtaí leis an mbuiséad
- Imréitigh bhainc (lena n-áirítear ráitis bhainc)
- Comhardú trialach achomair.

Sócmhainní Seasta

a) Coinnítear Clár na Sócmhainní Seasta mar scarbhileog Excel atá roinnte ina catagóirí mar seo a leanas:

- Bogearraí
- Crua-Earraí
- Daingneáin agus rothaí
- Trealamh oifige

b) Bíonn na mionsonraí seo a leanas sa chlár:

- An bhliain ar ceannaíodh an rud
- Soláthróir
- Cur síos ar an rud
- Costas
- Dímheas carntha
- Glanluach de réir na leabhar

Déantar an clár agus an córas cuntasaíochta Sage a thabhairt le chéile ar bhonn bliantúil.

Cathaoirleach, an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse

AN FHOIREANN

Ba é líon na mbuanbhall foirne ar an 31/12/2015 ná 35.1 CLA (coibhéis lánaimseartha). Ina theannta sin, bhí 10.3 (CLA) ag obair ar conradh sainchuspóra, 9.5 taighdeoir (CLA) atá maoinithe ag foinsí seachtracha (An Bord Taighde Sláinte nó an AE), agus 0.8 (CLA) ag obair sa réimse riaracháin.

	CLA					Líon				
Teideal an phoist	**Riaracháin**	**Sonraí**	**TF**	**Taighde**	**OCS**	**Riaracháin**	**Sonraí**	**TF**	**Taighde**	**OCS**
Gach ball foirne	**4.8**	**10.6**	**4.6**	**10.1**	**15.3**	**6**	**11**	**6**	**11**	**19**
Buanbhaill foirne	**4**	**7.6**	**4.6**	**3.6**	**15.3**	**5**	**8**	**6**	**4**	**19**
Maoirseoir OCS		1					1			
Oifigeach Cléireachais	1					1				
Anailísí Meaitseála Sonraí		1					1			
Oifigeach Cáilíocht Sonraí		2					2			
Oifigeach Airgeadais agus Riaracháin	1.5					2				
Anailísí Geochódúcháin		1					1			
Bainisteoir Sonraí		1					1			
Anailísí Ríomhchláraitheora			1					1		
Oifigeach Cumarsáide/AD	1					1				
Bainisteoir Sonraí		0.76					1			
Oifigeach Forbartha Infreastruchtúir			1					1		
Taighdeoir				1					1	
Staitisteoir				0.6					1	
Riarthóir TF			0.6					1		
Anailísí Sonraí				1					1	
Riarthóir Sinsearach	0.5					1				
Anailísí Taighdeora			0.5					1		
Speisialtóir TF			0.5					1		
Ceannaire Tionscadail		0.81					1			
Bainisteoir TF			1					1		
Eipidéimeolaí				1					1	
Oifigeach Cláraithe Siadaí					8.82					12
					6.5					7

Iomlán	**0.8**	**3**		**6.5**		**1**	**3**		**7**	
Taighdeoir				4					4	
Taighdeoir				2.5					3	
Oifigeach Taighde IPCOR		3		0.3			3			
Stiúrthóir Eatramhach*	0.8					1				

* D'éirigh an Stiúrthóir as ar an 6 Meitheamh 2014 agus athfhostaíodh mar an Stiúrthóir Eatramhach ar bhonn páirtaimseartha é ón 17 Lúnasa 2014 i leith. Go dtí an 31 Iúil 2016.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Is le trí phríomhchatagóir a bhaineann gníomhaíochtaí na Clárlainne — fáil sonraí, scaipeadh, agus taighde.

Fáil Sonraí

Gníomhaíocht chláraithe

Tábla 4.1: Líon na gclárúchán de réir bliana (Nollaig 2015)

Bliain a Tharlaithe	oscailte	dúnta	% dúnta	gach cás	% de na cásanna ionchais
2006	40	28233	100%	28273	107%
2007	34	30644	100%	30678	112%
2008	21	31772	100%	31793	111%
2009	40	34037	100%	34077	113%
2010	23	35752	100%	35775	111%
2011	76	38551	100%	38627	114%
2012	81	38289	100%	38370	106%
2013	1817	36588	95%	38405	102%
2014	14459	23556	62%	38015	99%
2015	19811	6574	25%	26385	69%

Tá thart ar 520,000 clárúchán agus 621,000 siad i mbunachar sonraí na Clárlainne anois.
Cláraítear breis is 38,000 cás ailse gach bliain na laethanta seo, i gcomparáid le 19,000 cás i 1994. Cruthaíodh beagáinín ní ba lú ná 45,000 cás nua agus dúnadh 39,750 cás idir mí Eanáir agus mí na Nollag 2015. (Tá san áireamh san fhigiúr seo na cásanna siúd a cruthaíodh agus a dúnadh araon le linn 2015.) Bhí líon na gcásanna a dúnadh in 2015 (39,742) ar aon dul leis an líon a dúnadh in 2014 (39,718) a bheag nó a mhór. Cruthaíodh 6,500 cás ní bá mhó in 2015 ná in 2014.

Tráthúlacht

Cé go bhfuil an céatadán de na cásanna a chláraítear laistigh de bhliain tar éis dháta a dtarlaithe fós seasta ag thart ar 85% (Tábla 4.2), ní dhúntar ach níos lú ná 22% díobh (.i. achoimre déanta ar an taifead leighis) laistigh de bhliain. Tá feabhas beag tagtha ar na figiúirí sin ón mbliain 2005 i leith, ach tá an scéal fós mar an gcéanna a bheag nó a mhór. Ní dócha go dtiocfadh aon feabhas suntasach ar chúrsaí tráthúlachta ach amháin dá dtosófaí ag bailiú sonraí leictreonacha ardcháilíochta ag an bpointe cúraim.

Chuathas i ngleic le riaráistí in dhá réimse a bhí gan chlúdach don dá bhliain idir 2012 agus 2014. Bhí saoire fhada bhreoiteachta ina cúis le riaráiste i réimse eile. Rinneadh OCS nua a earcú sa réimse seo agus meastar go dtógfaidh sé 18 mí le dul i ngleic leis an riaráiste sin. Earcaíodh TRO nua i réigiún an deiscirt chomh maith mar gheall ar ghluaiseacht foirne ach ní mheastar go gcuirfidh sé sin isteach go mór ar chúrsaí clárúcháin, seachas an t-am a bheidh ag teastáil le hoiliúint agus gníomhaíochtaí leantacha eile a chur i gcrích.

Tábla 4.2: Eatramh idir dáta an tarlaithe, dáta cruthaithe an cháis, agus dáta dúnta an cháis

		dáta an tarlaithe go dtí dáta cruthaithe an cháis			dáta an tarlaithe go dtí dáta dúnta an cháis		
Bliain a Tharlaithe	**Clárúcháin mar % den líon ionchais**	**< 3 mhí**	**< 6 mhí**	**< 12 mhí**	**< 3 mhí**	**< 6 mhí**	**< 12 mhí**
2006	105%	46.6%	67.7%	83.2%	2.2%	5.9%	21.0%
2007	108%	46.5%	67.1%	84.0%	2.2%	6.9%	24.5%
2008	110%	47.2%	67.9%	84.6%	2.1%	6.3%	21.0%
2009	109%	49.7%	72.4%	87.3%	2.5%	7.8%	23.8%
2010	107%	57.9%	73.6%	86.1%	2.6%	8.0%	21.3%
2011	107%	57.8%	68.8%	83.0%	2.4%	6.9%	21.7%
2012	104%	53.7%	65.1%	83.1%	2.1%	7.1%	21.0%
2013	102%	49.6%	71.8%	86.1%	2.0%	6.4%	19.0%
2014	102%	*45.5%*	*72.5%*	*92.6%*	*2.5%*	*8.0%*	*36.8%*
2015	75%	*73.2%*	*97.5%*	*100.0%*	*18.9%*	*49.6%*	*99.1%*

Baineann na figiúirí i gcló iodálach le blianta neamhiomlána

Cóir Leighis

Tá méadú tagtha ar líon na n-eipeasóidí cóir leighis a chláraítear, ó 31,400 i 1994 go dtí beagáinín ní ba mhó ná 88,300 in 2013, .i. an bhliain is déanaí a bhfuil na sonraí ina leith iomlán (Táblaí 4.3 agus 4.4). Mar an gcéanna leis na figiúirí i ndáil le dúnadh cásanna, bíonn iomláine na sonraí maidir le clárúcháin cóir leighis ar gcúl ar ghiniúint na gcásanna féin. Cuireadh beagáinín ní ba lú ná 116,000 eipeasóid cóir leighis sa bhreis leis in 2015.

Tábla 4.3: Córacha leighis de réir cineáil agus bhliain an chóra leighis

Cineál	**2006**	**2007**	**2008**	**2009**	**2010**	**2011**	**2012**	**2013**	**2014**	**2015**
bithóipse	17938	20935	23438	25640	27382	29411	29913	30241	*23280*	*10832*
ceimiteiripe	7008	7265	7940	8921	9940	10402	10543	10076	*6981*	*2190*
comhairliúchán	7573	7002	7528	6985	7136	8398	8653	9926	*7746*	*1164*
hormón	2931	3209	3421	3565	3441	3881	4014	3755	*2486*	*554*
córacha leighis eile	1670	1682	1596	1368	1038	1093	927	991	*754*	*206*
radaiteiripe	7912	8081	9214	9542	10399	10898	11258	11000	*9951*	*2001*
obráid	22821	25401	26537	29105	30355	33032	33785	34058	*29497*	*14740*
anaithnid	11	17	11	25	17	23	45	305	*7907*	*13030*
gach cóir leighis	67864	73592	79685	85151	89708	97138	99138	100352	*88602*	*44717*

Baineann na figiúirí i gcló iodálach le blianta neamhiomlána

Tábla 4.4. Córacha leighis de réir cineáil agus bhliain an tarlaithe

Cineál	2006	2007	2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014	2015
bithóipse	18230	21104	23278	25195	26886	28523	28325	*28080*	*21180*	*9331*
ceimiteiripe	6984	7485	8121	9230	10184	9992	10086	*9123*	*5475*	*1036*
comhairliúchán	7595	7256	7881	7429	8168	8958	8238	*7282*	*4695*	*828*
hormón	3003	3335	3443	3600	3530	3917	3980	*3327*	*1794*	*165*
córacha leighis eile	1678	1638	1468	1204	947	1090	897	*931*	*705*	*157*
radaiteiripe	8031	8338	9373	9761	10135	10464	9817	*9158*	*5864*	*503*
obráid	23178	25358	26167	28249	29400	31068	30508	*29855*	*23300*	*9768*
anaithnid	26	22	38	32	23	35	38	*580*	*8737*	*14131*
gach cóir leighis	68725	74536	79769	84700	89273	94047	91889	*88336*	*71750*	*35919*

Baineann na figiúirí i gcló iodálach le blianta neamhiomlána

Sonraí leictreonacha paiteolaíochta

Tá paiteolaíocht á próiseáil go leictreonach d'Ospidéal Beaumont, d'Ospidéal Naomh Séamas, d'Ospidéal Leitir Ceanainn anois. Tháinig Ospidéal Naomh Séamas ar líne i mí Feabhra, Ospidéal Beaumont i mí Aibreáin agus Ospidéal Leitir Ceanainn i mí Mheán Fómhair 2015. Tá Ospidéil na hOllscoile Gaillimh, Ospidéal Thamhlachta agus Ospidéal Mhuire Lourdes fós á bpróiseáil go leictreonach.

Cuireadh tionscadal píolótach le sonraí leictreonacha histeapaiteolaíochta ó Ospidéal na hOllscoile, Luimneach i gcrích go rathúil. Tá na cineálacha ailse craicinn uile nach bhfuil meileanóma i gceist leo á bpróiseáil go leictreonach anois. Ceapadh oifigeach cláraithe siadaí nua chun ghrúpa ospidéal UHL anuraidh. Rinneadh cinneadh go ndéanfaí na suíomhanna eile a phróiseáil de láimh go fóill.

Leathadh an tionscadal amach chuig Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge in 2015. Rinneadh na sonraí tástála a mheas sa chéad ráithe de 2016 agus tá an chuid is mó de na ceisteanna amuigh réitithe anois.

Is féidir le hOspidéal Beacon asbhaint leictreonach phaiteolaíochta a chur ar fáil arís tar éis bearna roinnt blianta. Cláraíodh na sonraí suas go dtí dheireadh 2015. Ní mór roinnt mionathruithe ar an asbhaint a chomhaontú.

Toisc go bhfuil gach asbhaint phaiteolaíochta go hiomlán éagsúil óna chéile, is tábhachtach an rud é próiseas dearbhaithe cáilíochta a chur i bhfeidhm ar na sonraí. Caithfear aon cheisteanna atá fós amuigh a réiteach roimh an gcóras nua a chur i bhfeidhm; tosaíocht don bhliain 2016 is ea é seo.

Bogadh sonraí paiteolaíochta leictreonacha Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann ón ardán a bhí ann cheana, DataLoader, chuig an ardán próiseála sonraí nua, Mirth. Cuireadh an t-athrú sin i gcrích faoi shamhradh 2016.

Iarrfar ar an gClárlann páirt a ghlacadh i dtionscadal náisiúnta MedLIS le linn 2016.

Níltear ag súil go dtiocfaidh aon fhoinsí nua ar líne in 2016 de bharr go mbeidh gach acmhainn gnóthach leis na sonraí leictreonacha paiteolaíochta reatha a choinneáil agus le hobair ar riachtanais an chórais nua. Táthar ag súil go gcuirfidh tionscadal MedLIS asbhaint leictreonach phaiteolaíochta chuí ar fáil don Chlárlann as seo go ceann cúig bliana.

Forbairtí ó thaobh Teicneolaíocht Faisnéise de

Córas Clárúcháin Ailse

Leanadh den tionscadal seo a chur chun cinn in 2015. Críochnaíodh na riachtanais agus an fhorbairt i dtaca leis an gcóras iontrála de láimh. Críochnaíodh na riachtanais i dtaca leis an gcóras iontrála sonraí leictreonacha. Bainfidh an Chlárlann úsáid as Mirth le glacadh le sonraí leictreonacha i roinnt formáidí éagsúla ó roinnt foinsí éagsúla, agus le comhfhormáid a thabhairt don chóras le próiseáil.

Rinneadh an t-infreastruchtúr leis an gcóras nua a óstáil a dhearadh agus a chur i bhfeidhm i Ráithe 1, 2015.

Athshlánú ó thubaiste

In 2015 reáchtáladh próiseas tairisceana le teacht ar an réiteach athshlánaithe ó thubaiste is fearr le haghaidh na timpeallachta fíorúlaithe nua. Ba é Cork Internet eXchange an soláthróir a roghnaíodh agus cuireadh an fheidhm athshlánaithe ó thubaiste i bhfeidhm i Ráithe 4, 2015.

I gcás tubaiste, cuirfidh an Chlárlann a bpróisis athshlánaithe ó thubaiste i ngníomh agus leanfaidh ar aghaidh ag feidhmiú go hiomlán ó Cork Internet eXchange.

Scaipeadh

Achoimre ar ghníomhaíochtaí scaipthe, 2015

1. Cuireadh sonraí ar fáil do CI5, EUROCIM, EUROCARE, agus do thionscadail chosúla eile in am is i dtráth de réir mar a iarradh iad.
   - Athbhreithniú ar an Straitéis Ailse – cuireadh tuilleadh sonraí agus anailísí ar fáil don Roinn Sláinte maidir le tarluithe, treochtaí, réamh-mheastacháin, leitheadúlacht, marthanas, stáitsiú, radaiteiripe, cineálacha ógánta ailse agus éagothromas ailse.
2. Líon na bpáipéar a cuireadh isteach in 2015 agus a bhí foilsithe/ag na clódóirí faoin 31/12/2015 a raibh ball foirne de chuid na Clárlainne Náisiúnta Ailse ina chéadúdar nó ina údar deireanach/sinsearach orthu: **17**. Ar an iomlán, foilsíodh 39 páipéar a raibh an Chlárlann ina údar nó ina chomhúdar orthu in 2015, lena n-áirítear na páipéir a cuireadh isteach in 2014 agus na páipéir nach raibh ball den Chlárlann ina chéadúdar ná ina údar sinsearach orthu (féach “Páipéir a ndearnadh piarmheasúnú orthu” thíos).
3. Líon na bpáipéar a cuireadh isteach in 2015 agus a bhí á measúnú amhail ar an 31/12/2015 a raibh ball foirne de chuid na Clárlainne Náisiúnta Ailse ina chéadúdar nó ina údar deireanach/sinsearach orthu: **4** (is eol nach bhfuil na sonraí iomlán).
4. Líon na láithreoireachtaí ó bhéal agus na láithreoireachtaí póstaeir a tugadh ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta: **25** *[3 láithreoireacht a bhfuarthas cuireadh ina leith san áireamh]*
5. Líon na n-iarratas a rinneadh ar dheontais/mhaoiniú le linn 2015: **1**
6. Ceisteanna:

Rinneadh plé le **397** ceist in 2015; tugadh freagra ar 84% díobh laistigh de 1 sheachtain, 93% díobh laistigh de 2 sheachtain.

7. Tuarascálacha
   - Líon na dtuarascálacha a foilsíodh in 2015: **1** (tuarascáil bhliantúil staitistiúil).
   - Líon na dtuairiscí a foilsíodh in 2015: **3** (tuairiscí treochta).
8. Preaseisiúint agus/nó mír nuachta ar an láithreán gréasáin:
   - Líon iomlán na míreanna nuachta in 2015: **42** Cuireadh amach aon tvuít amháin ar a laghad i dtaca le gach mír nuachta.
   - Líon na bpreaseisiúintí in 2015: **3** (lena n-áirítear 1 cheann a bhain le tuarascálacha agus 2 cheann a bhain le páipéir).
9. Láithreán gréasáin na Clárlainne:
   - Nuashonraíodh léarscáileanna ar líne ar tharluithe ailse de réir contae (1994-2003 agus 2004-2012), an 4 Feabhra.
   - Cuireadh leis figiúirí cothrom le dáta maidir le tarluithe ailse (1994-2012), an 27 Feabhra.
   - Cuireadh 'Tarluithe ailse i measc leanaí' (áis cuardaigh ar líne) leis den chéad uair, an 23 Márta.
   - Nuashonraíodh na bileoga eolais, Márta 2015.
   - Rinneadh athbhreithniú suntasach ar an áis iarrtha sonraí, an 21 Lúnasa.

Tuarascálacha agus tuairiscí a foilsíodh in 2015

Tuarascálacha a foilsíodh in 2015

1. An Ailse in Éirinn 1994-2013: Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse. An Clárlann Náisiúnta Ailse, Corcaigh, 2015 (McDevitt J, Walsh PM)

Tuairiscí ar threochta ailse a foilsíodh in 2015

1. Myeloproliferative Neoplasms and Myelodysplastic Syndromes (Walsh PM)
2. Lung Cancer (O'Brien K)
3. Primary Brain Cancer (Deady S)

Páipéir a ndearnadh piarmheasúnú orthu in 2015

1. Barron TI, Murphy LM, Brown C, Bennett K, Visvanathan K, Sharp L. De Novo Post-Diagnosis Aspirin Use and Mortality in Women with Stage I-III Breast Cancer. Cancer Epidemiol Biomarkers Prev. 2015 Jun;24(6):898-904. [*Arna chur isteach 2014*.]
2. Bhatt N, Deady S, Gillis A, Bertuzzi A, Fabre A, Heffernan E, Gillham C, O'Toole G, Ridgway PF. Epidemiological study of soft-tissue sarcomas in Ireland. Cancer Med. An 21 Samhain 2015. [Epub roimh an leagan clóite]. 2016;5(1):129-35.
3. Breckenridge K, Bekker HL, Gibbons E, van der Veer SN, Abbott D, Briançon S, Cullen R, Garneata L, Jager KJ, Lønning K, Metcalfe W, Morton RL, Murtagh FE, Prutz K, Robertson S, Rychlik I, Schon S, Sharp L,

Speyer E, Tentori F, Caskey FJ. How to routinely collect data on patient-reported outcome and experience measures in renal registries in Europe: an expert consensus meeting. Nephrol Dial Transplant. Deireadh Fómhair 2015;30(10):1605-14.

4. Brown C, Barron TI, Bennett K, MacDonald D, Dwane F, Sharp L. Generalisability of pharmacoepidemiological studies using restricted prescription data. Ir J Med Sci. An 6 Deireadh Fómhair 2015.
5. Cahir C, Dombrowski SU, Kelly CM, Kennedy MJ, Bennett K, Sharp L. Women's experiences of hormonal therapy for breast cancer: exploring influences on medication-taking behaviour. Support Care Cancer. Samhain 2015;23(11):3115-30. [*Arna chur isteach 2014*.]
6. Cahir C, Guinan E, Dombrowski SU, Sharp L, Bennett K. Identifying the determinants of adjuvant hormonal therapy medication taking behaviour in women with stages I-III breast cancer: A systematic review and meta-analysis. Patient Educ Couns. An 30 Bealtaine 2015. pii: S0738-3991(15)00234-7. [*Arna chur isteach 2014*.]
7. Clarke N, Sharp L, Osborne A, Kearney PM. Comparison of uptake of colorectal cancer screening based on fecal immunochemical testing (FIT) in males and females: a systematic review and meta-analysis. Cancer Epidemiol Biomarkers Prev. Eanáir 2015;24(1):39-47. [*Arna chur isteach 2014*.]
8. Coebergh JW, van den Hurk C, Louwman M, Comber H, Rosso S, Zanetti R, Sacchetto L, Storm H, van Veen EB, Siesling S, van den Eijnden-van Raaij J. EUROCOURSE recipe for cancer surveillance by visible population-based cancer RegisTrees in Europe: From roots to fruits. Eur J Cancer. Meitheamh 2015;51(9):1050-63.
9. Coebergh JW, van den Hurk C, Rosso S, Comber H, Storm H, Zanetti R, Sacchetto L, Janssen-Heijnen M, Thong M, Siesling S, van den Eijnden-van Raaij J. EUROCOURSE lessons learned from and for population-based cancer registries in Europe and their programme owners: Improving performance by research programming for public health and clinical evaluation. Eur J Cancer. Meitheamh 2015;51(9):997-1017.
10. de Camargo Cancela M, Comber H, Sharp L. Which women with breast cancer do, and do not, undergo receptor status testing? A population-based study. Cancer Epidemiol. Deireadh Fómhair 2015;39(5):778-82. [*Arna chur isteach 2014*.]
11. Dee A, Callinan A, Doherty E, O'Neill C, McVeigh T, Sweeney MR, Staines A, Kearns K, Fitzgerald S, Sharp L, Kee F, Hughes J, Balanda K, Perry IJ. Overweight and obesity on the island of Ireland: an estimation of costs. BMJ Open. An 16 Márta 2015;5(3):e006189. [*Arna chur isteach 2014*.]
12. Drummond FJ, Kinnear H, Donnelly C, O'Leary E, O'Brien K, Burns RM, Gavin A, Sharp L. Establishing a population-based patient-reported outcomes study (PROMs) using national cancer registries across two jurisdictions: the Prostate Cancer Treatment, your experience (PiCTure) study. BMJ Open. An 17 Aibreán 2015;5(4):e006851. [*Arna chur isteach 2014*.]
13. Drummond FJ, Kinnear H, O'Leary E, Donnelly, Gavin A, Sharp L. Long-term health-related quality of life of prostate cancer survivors varies by primary treatment. Results from the PiCTure (Prostate Cancer Treatment, your experience) study. J Cancer Surviv. Meitheamh 2015;9(2):361-72. [*Arna chur isteach 2014*.]
14. Drummond FJ, O'Leary E, Sharp L. Lottery ticket was more effective than a prize draw in increasing questionnaire response among cancer survivors. J Clin Epidemiol. Iúil 2015;68(7):769-75. doi: 10.1016/j.jclinepi.2015.01.013. [*Arna chur isteach 2014*.]

15. Gavin AT, Drummond FJ, Donnelly C, O'Leary E, Sharp L, Kinnear HR. Patient-reported 'ever had' and 'current' long-term physical symptoms after prostate cancer treatments. BJU Int. Meán Fómhair 2015;116(3):397-406. [*Arna chur isteach/ag na clódóirí 2014*.]
16. Hanly P, Céilleachair AÓ, Skally M, O'Neill C, Sharp L. Direct costs of radiotherapy for rectal cancer: a microcosting study. BMC Health Serv Res. An 2 Bealtaine 2015;15:184.
17. Hanly P, Koopmanschap M, Sharp L. Valuing productivity costs in a changing macroeconomic environment: the estimation of colorectal cancer productivity costs using the friction cost approach. Eur J Health Econ. An 29 Bealtaine 2015. [*Arna chur isteach 2014*.]
18. Hanly P, Maguire R, Hyland P, Sharp L. Examining the role of subjective and objective burden in carer health-related quality of life: the case of colorectal cancer. Support Care Cancer. Iúil 2015;23(7):1941-9. [*Arna chur isteach 2014*.]
19. Hanly P, Pearce A, Sharp L. Cancer And Premature Mortality In Ireland: An Employer's Perspective Following The Friction Cost Approach. Value Health. Samhain 2015;18(7):A465. [*Arna chur isteach 2014*.]
20. Hanly P, Soerjomataram I, Sharp L. Measuring the societal burden of cancer: the cost of lost productivity due to premature cancer-related mortality in Europe. Int J Cancer. An 15 Feabhra 2015;136(4):E136-45. [*Arna chur isteach/ag na clódóirí 2014*.]
21. Kiderlen M, Walsh PM, Bastiaannet E, Kelly MB, Audisio RA, Boelens PG, Brown C, Dekkers OM, de Craen AJ, van de Velde CJ, Liefers GJ. Treatment strategies and survival of older breast cancer patients - an international comparison between the Netherlands and Ireland. PLoS One. An 3 Feabhra 2015;10(2):e0118074. [Arna chur isteach *2014*.]
22. Lortet-Tieulent J, Renteria E, Sharp L, Weiderpass E, Comber H, Baas P, Bray F, Coebergh JW, Soerjomataram I. Convergence of decreasing male and increasing female incidence rates in major tobacco-related cancers in Europe in 1988-2010. Eur J Cancer. Meitheamh 2015;51(9):1144-63.
23. McDevitt J, de Camargo Cancela M, Kelly M, Comber H, Sharp L. Tracheostomy and infection prolong length of stay in hospital after surgery for head and neck cancer: a population based study. Oral Surg Oral Med Oral Pathol Oral Radiol. An 11 Lúnasa 2015. pii: S2212-4403(15)01135-9.
24. O'Brien KM, Dwane F, Kelleher T, Sharp L, Comber H. Interval cancer rates in the Irish national breast screening programme. J Med Screen. Meán Fómhair 2015;22(3):136-43. [*Arna chur isteach 2014*.]
25. O'Connor M, Costello L, Murphy J, Prendiville W, Martin CM, O'Leary JJ, Sharp L; Cuibhreannas Taighde Scagthástála Ceirbheacs na hÉireann (CERVIVA). Influences on human papillomavirus (HPV)-related information needs among women having HPV tests for follow-up of abnormal cervical cytology. J Fam Plann Reprod Health Care. Aibreán 2015;41(2):134-41.
26. O'Connor M, Gallagher P, Waller J, Martin CM, O'Leary JJ, Sharp L; Cuibhreannas Taighde Scagthástála Ceirbheacs na hÉireann (CERVIVA). Adverse psychological outcomes following colposcopy and related procedures: a systematic review. BJOG. An 22 Meitheamh 2015. [Arna chur isteach *2014*.]
27. O'Connor M, O'Leary E, Waller J, Gallagher P, D'arcy T, Flannelly G, Martin CM, McRae J, Prendiville W, Ruttle C, White C, Pilkington L, O'Leary JJ, Sharp L; Cuibhreannas Taighde Scagthástála Ceirbheacs na hÉireann (CERVIVA). Trends in, and predictors of, anxiety and specific worries following colposcopy: a 12-month longitudinal study. Psychooncology. An 22 Meán Fómhair 2015.
28. O'Connor M, Waller J, Gallagher P, Martin CM, O'Leary JJ, D'Arcy T, Prendiville W, Flannelly G, Sharp L; Cuibhreannas Taighde Scagthástála Ceirbheacs na hÉireann (CERVIVA). Understanding Women's Differing

Experiences of Distress after Colposcopy: A Qualitative Interview Study. Womens Health Issues. Meán Fómhair-Deireadh Fómhair 2015;25(5):528-34.

29. O'Leary E, Drummond FJ, Gavin A, Kinnear H, Sharp L. Psychometric evaluation of the EORTC QLQ-PR25 questionnaire in assessing health-related quality of life in prostate cancer survivors: a curate's egg. Qual Life Res. Meán Fómhair 2015;24(9):2219-30. [Arna chur isteach *2014*.]
30. Pearce A, Hanly P, Sharp L, Soerjomataram I. The Burden of Cancer in Emerging Economies: Productivity Loss as an Alternative Perspective. Value Health. Samhain 2015;18(7):A336.
31. Pearce A, Timmons A, O'Sullivan E, Gallagher P, Gooberman-Hill R, Thomas AA, Molcho M, Butow P, Sharp L. Long-term workforce participation patterns following head and neck cancer. J Cancer Surviv. Márta 2015;9(1):30-9. [Arna ríomhfhoilsiú *2014*.]
32. Pearce AM, Hanly P, Timmons A, Walsh PM, O'Neill C, O'Sullivan E, Gooberman-Hill R, Thomas AA, Gallagher P, Sharp L. Productivity Losses Associated with Head and Neck Cancer Using the Human Capital and Friction Cost Approaches. Appl Health Econ Health Policy. Lúnasa 2015;13(4):359-67. [*Arna chur isteach 2014*.]
33. Pearce AM, Ryan F, Drummond FJ, Thomas AA, Timmons A, Sharp L. Comparing the costs of three prostate cancer follow-up strategies: a cost minimization analysis. Support Care Cancer. An 6 Lúnasa 2015. [Arna chur isteach *2014*.]
34. Sharp L, O'Leary E, Kinnear H, Gavin A, Drummond FJ. Cancer-related symptoms predict psychological wellbeing among prostate cancer survivors: results from the PiCTure study. Psychooncology. An 6 Lúnasa 2015. [Arna chur isteach *2014*.]
35. Sharp L, Timmons A. Pre-diagnosis employment status and financial circumstances predict cancer-related financial stress and strain among breast and prostate cancer survivors. Support Care Cancer. An 5 Iúil 2015. [Arna chur isteach *2014*.]
36. Siesling S, Louwman WJ, Kwast A, van den Hurk C, O'Callaghan M, Rosso S, Zanetti R, Storm H, Comber H, Steliarova-Foucher E, Coebergh JW. Uses of cancer registries for public health and clinical research in Europe: Results of the European Network of Cancer Registries survey among 161 population-based cancer registries during 2010-2012. Eur J Cancer. Meitheamh 2015;51(9):1039-49. [*Arna chur isteach/ag na clódóirí 2014*.]
37. Steliarova-Foucher E, O'Callaghan M, Ferlay J, Masuyer E, Rosso S, Forman D, Bray F, Comber H. The European Cancer Observatory: A new data resource. Eur J Cancer. Meitheamh 2015;51(9):1131-43. [*Arna ríomhfhoilsiú 2014*.]
38. Thomas AA, Gallagher P, O'Céilleachair A, Pearce A, Sharp L, Molcho M. Distance from treating hospital and colorectal cancer survivors' quality of life: a gendered analysis. Support Care Cancer. Márta 2015;23(3):741-51.
39. Traynor C, Conlon P Jr, Phelan PJ, O'Kelly P, Elens L, McCormack M, Cavalleri G, Comber H, van Schaik RH, Conlon PJ. Association of CYP3A variants with kidney transplant outcomes. Ren Fail. Bealtaine 2015;37(4):562-6.

Láithreoireachtaí

Láithreoireachtaí a iarradh ar Bhaill Foirne de chuid na Clárlainne a thabhairt ag comhdhálacha/cruinnithe

1. Comber H. Preview of annual report findings. An Roinn Sláinte / Cumann Ailse na hÉireann, Baile Átha Cliath, an 1 Nollaig 2015.
2. Comber H. Cancer inequity in Ireland. Léacht Charles Cully Cumann Ailse na hÉireann, Baile Átha Cliath, an 25 Samhain 2015.
3. O'Connor M, Waller J, Gallagher P, O'Leary JJ, Martin C, Sharp L. Psychological impact of cervical cancer screening: findings from the CERVIVA studies. Fóram Colpascópachta CervicalCheck, 2015. An 20 Samhain 2015, an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse, Teach Óstaí an Rí, 200 Sráid Parnell, Baile Átha Cliath.

Láithreoireachtaí a thug Baill Foirne de chuid na Clárlainne ag comhdhálacha/cruinnithe

1. Brown C. A meta-analytic approach to large scale competing risks regression. 35ú Comhdháil ar Staitisticí Feidhmeacha in Éirinn An 11 Bealtaine 2015 go dtí an 13 Bealtaine 2015, Corcaigh, Éire.
2. Brown C, Barron T I, Bennett K, Sharp L. Associations between pre- and post-diagnostic use of beta-blockers and ovarian cancer survival. An 21ú Gréasán Faisnéise Náisiúnta Ailse (NCIN), Comhdháil Torthaí Ailse 2015. An 8 Meitheamh 2015 chuig an 10 Meitheamh 2015, Óstán Europa, Béal Feirste, an Ríocht Aontaithe.
3. Brown C, Barron T I, Bennett K, Sharp L. Effect of drug class on association of beta-blocker with ovarian cancer survival. 2ú Comhdháil Chumann Cógaseolaithe na hÉireann. An 16 Deireadh Fómhair 2015, Coláite na hOllscoile, Corcaigh.
4. Brown C, Barron T I, Bennett K, Sharp L. Effect of pre-diagnostic NSAID use on ovarian cancer survival. Comhdháil Ailse na hInstitiúide Náisiúnta Taighde Ailse (NCRI), 2015. An 6 Samhain 2015, Learpholl, an Ríocht Aontaithe.
5. Lennon P, Deady S, Healy, M-L, Kinsella J, Timon C, O'Neill JP. Thyroid cancer in Ireland: a 10-year review of the National Cancer Registry. 17ú Comhdháil Inchríneolaíochta na hEorpa An 16 Bealtaine 2015 go dtí an 20 Bealtaine 2015, Baile Átha Cliath, Éire.
6. O'Brien K. Lung cancer epidemiology and trends. Fóram Ailse Scamhóg an Chláir Náisiúnta Rialaithe Ailse. An 8 Bealtaine 2015, Baile Átha Cliath.
7. O'Brien K. Imputation of missing data for head and neck cancer patients. An Chomhdháil um Staitisticí Feidhmeacha in Éirinn. An 11 Bealtaine 2015, Corcaigh.
8. Ó Céilleachair A, O'Connor M, O'Leary J, Martin C, Sharp L. Health-related quality of life in women after colposcopy: Results from a patient survey. Comhdháil Chumann Idirnáisiúnta na hEacnamaíochta Sláinte, 2015. An 12 Iúil 2015 go dtí an 15 Iúil 2015, Milano, an Iodáil.
9. O'Connor M, O'Leary E, Waller J, Gallagher P, Martin CM, O'Leary JJ, D'arcy T, Prendiville W, Flannelly G, Sharp L, thar ceann Chuibhreannas Taighde Scagthástála Ceirbheacs na hÉireann (CERVIVA). Trends in, and predictors of, anxiety and specific worries following colposcopy: a 12 month longitudinal study. Comhdháil Chuibhreannas Ailse Éireann-Thuaisceart Éireann, an Institiúide Náisiúnta Ailse, 2015. An 10 Bealtaine 2015 go dtí an 13 Bealtaine 2015, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.
10. Pearce AM, Hanly P, Sharp L, Soerjomataram I. The burden of cancer in emerging economies: Productivity loss as an alternative perspective. 18ú Comhdháil Eorpach Bhliantúil ISPOR. An 7 Samhain 2015 go dtí an 11 Samhain 2015, Milano, an Iodáil.
11. A Pearce, P Hanly, L Sharp, P Gupta, F Bray, YL Qiao, SM Wang, A Barchuk, I Soerjomataram. Cancer-related productivity losses in emerging economies. Comhdháil Bhliantúil Chumann Idirnáisiúnta na gClárlann Ailse, 2015. An 7 Deireadh Fómhair 2015 go dtí an 10 Deireadh Fómhair 2015, Mumbai, an India.
12. Pearce AM, Ryan F, Timmons A, Thomas AA, Drummond F, Sharp L, and the ICE Survivorship Investigators. Comparing the costs of three prostate cancer follow-up strategies: A cost-minimisation analysis (MASCC). Siompóisiam Idirnáisiúnta MASCC/ISOO ar an gCúram Tacaíochta i gcás na hAilse. An 25 Meitheamh 2015 go dtí an 27 Meitheamh 2015, Cóbanhávan, an Danmhairg.

13. Pearce AM, Ryan F, Thomas AA, Timmons A, Drummond FJ, Sharp L. Comparing the costs of three prostate cancer follow-up strategies: A cost-minimisation analysis (iHEA). Comhdháil Chumann Idirnáisiúnta na hEacnamaíochta Sláinte, 2015. An 12 Iúil 2015 go dtí an 15 Iúil 2015, Milano, an Iodáil

Láithreoireachtaí póstaeir a thug Baill Foirne de chuid na Clárlainne

1. Brown C, Barron T I, Bennett K, Sharp L. Do ovarian cancer patients using statins have better outcomes? Comhdháil Chuibhreannas Ailse Uile-Éireann, 2015. An 11 Bealtaine 2015 go dtí an 13 Bealtaine 2015, Halla Riddel, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.
2. Brown C, Barron T I, Bennett K, Sharp L. Role of tumour histology in beta blocker association with ovarian cancer survival. 2ú Fóram Ailse Ubhagáin na hÉireann An 9 Deireadh Fómhair 2015 go dtí an 10 Deireadh Fómhair 2015, Inis Ceithleann, Co. Fhear Manach.
3. Deady S et al. Epidemiological study of soft tissue sarcomas in Ireland. Comhdháil Chuibhreannas Ailse Institiúid Náisiúnta Ailse Éireann/Thuaisceart Éireann, 2015. An 11-13 Bealtaine 2015, Béal Feirste.
4. Hanly P, Pearce A, Sharp L. Cancer And Premature Mortality In Ireland: An Employer's Perspective Following The Friction Cost Approach. 18ú Comhdháil Eorpach Bhliantúil ISPOR. An 9 Samhain 2015 go dtí an 11 Samhain 2015, Milano, an Iodáil.
5. McDevitt J, Walsh PM et al. Time-trends in combination therapy for cancer patients in the Republic of Ireland Ireland-Northern Ireland-National Cancer Institute (NCI) Cancer Consortium 2015 Conference. An 11-13 Bealtaine 2015, Béal Feirste
6. O'Brien K et al. Interval cancer rates in the Irish national breast screening programme. Comhdháil Chuibhreannas Ailse Institiúid Náisiúnta Ailse Éireann/Thuaisceart Éireann, 2015. An 11-13 Bealtaine 2015, Béal Feirste.
7. O'Brien K et al. Informal caregiving in head and neck cancer: caregiving activities and psychological wellbeing. Comhdháil Chumann na Míochaine Sóisialta. An 2-4 Meán Fómhair 2015, Baile Átha Cliath.
8. O'Connor M, O'Leary E, Waller J, Gallagher P, Martin CM, O'Leary JJ, D'arcy T, Prendiville W, Flannelly G, Sharp L. Predictors of anxiety and specific worries after colposcopy within cervical cancer screening: A 12-month longitudinal study. Cruinniú Scagthástála an Líonra Idirnáisiúnta Ailse, 2015. An 2 Meitheamh 2015 go dtí an 4 Meitheamh 2015, Rotterdam, an Ísiltír.
9. Pearce AM, Bradley C, Hanly P, Thomas AA, O'Neill C, Molcho M, Sharp L, on behalf of the ICE Award Investigators. Productivity losses for cancer-related mortality in Ireland: Súil chun cinn ó 2011 go dtí 2030, Comhdháil na hInstitiúide Náisiúnta Taighde Ailse, 2015. An 1 Samhain 2015 go dtí an 3 Samhain 2015, Learpholl, an Ríocht Aontaithe.

Taighde

Aidhmeanna

I measc na ndualgas reachtúil atá ar an gClárlann Náisiúnta Ailse tá dualgas "*le húsáid na sonraí a chur chun cinn agus a éascú...i dtionscadail cheadaithe taighde agus i seirbhísí a phleanáil agus a bhainistiú.*" Déantar an dualgas sin a chomhlíonadh ach na sonraí a chur ar fáil go forleathan i bhformáid gan tréithe pearsanta luaite, obair a dhéanamh as lámha a chéile le taighdeoirí taobh amuigh den Chlárlann, agus trí chlár inmheánach taighde na Clárlainne. Mar gheall nach ann d'aon chlár acadúil taighde ar eipidéimeolaíocht na hailse in aon ollscoil Éireannach, is beag úsáid atá bainte as sonraí na Clárlainne ag páirtithe eile, agus is í an Chlárlann féin, nó an Chlárlann i gcomhar le páirtí eile, a bhí taobh thiar den chuid ba mhó den taighde sa réimse.

Is é príomhaidhm chlár taighde na Clárlainne ná faisnéis a chur ar fáil a chabhróidh le hualach na hailse a laghdú, trí thuiscint a chothú ar

- cúiseolaíocht agus leitheadúlacht fachtóirí riosca;
- dáileadh céime na hailse agus fachtóirí a bhfuil feidhm acu air seo, lena n-áirítear an scagthástáil;
- patrúin chúraim, na fachtóirí cinntitheacha agus na torthaí a bhaineann leo, agus eispéireas an othair;
- torthaí ar chúram na hailse, lena n-áirítear torthaí a chuireann an t-othar féin in iúl agus ainiarmhairtí paiteolaíocha fadtréimhseacha na hailse (daoine a tháinig slán as an ailse), marthanas, agus an t-ualach geilleagrach (ar na seirbhísí sláinte, othair, agus an tsochaí).

Tá an straitéis taighde atá againn i láthair na huaire bunaithe ar thrí chroíthéama – an eipidéimeolaíocht thuairisciúil, taighde ar sheirbhísí sláinte, agus an taighde aeiteolaíoch.



Is minic a bhaineann taighde dár gcuid le níos mó ná ceann amháin de na téamaí sin agus, mar sin, is fearr cur síos a dhéanamh air faoi cheann de na sruthanna oibre seo a leanas, mar atá leagtha amach sa léaráid thuas:

- Tarluithe, cóir leighis, agus faireachas ar bhásmhaireacht i gcomhair na hailse

- Scagthástáil ailse
- Marthanas na hailse
- Daoine a tháinig slán as an ailse
- Eacnamaíocht sláinte na hailse
- Patrúin, deitéarmanaint, agus eispéiris na córa leighis ailse
- Cógas-eipidéimeolaíocht
- Fachtóirí riosca i gcomhair fhorbairt na hailse

Tionscadail taighde

Ar cheann de na croí-aidhmeanna atá ag Clárlann Náisiúnta Ailse na hÉireann ná úsáid ár sonraí a chur chun cinn agus a éascú i ndáil le taighde agus seirbhísí a phleanáil agus a bhainistiú in Éirinn. Ina theannta sin, tá leasanna taighde agus saineolas againn i réimse leathan ábhar a bhaineann leis an ailse ach nach mbaineann le húsáid na sonraí clárúcháin ailse. Tá roinnt mhaith tionscadal taighde déanta againn ar réimsí éagsúla dá bhrí sin, roinnt mhaith acu a raibh comhar le páirtithe laistigh agus lasmuigh den Chlárlann Náisiúnta Ailse i gceist leo. Tá an straitéis taighde atá againn i láthair na huaire bunaithe ar thrí chroíthéama – *an eipidéimeolaíocht thuairisciúil, taighde ar sheirbhísí sláinte, agus an taighde aeiteolaíoch.*
Is minic a bhaineann taighde dár gcuid le níos mó ná ceann amháin de na téamaí sin agus, mar sin, is fearr cur síos a dhéanamh air faoi cheann de na sruthanna oibre seo a leanas:

- Tarluithe, cóir leighis, agus faireachas ar bhásmhaireacht i gcomhair na hailse
- Scagthástáil ailse
- Marthanas na hailse
- Daoine a tháinig slán as an ailse
- Eacnamaíocht sláinte na hailse
- Patrúin, deitéarmanaint, agus eispéiris na córa leighis ailse
- Cógas-eipidéimeolaíocht
- Fachtóirí riosca i gcomhair fhorbairt na hailse.

Tá tugtha thíos liosta de na tionscadail atá ar bun faoi láthair.

Teideal an tionscadail	Téama an taighde
ATHENS - A Trial of HPV Education and Support	Taighde ar sheirbhísí sláinte
Breast cancer subtypes: a comparison of cancers that are screen-detected, intervals, and in non-attenders	Eipidéimeolaíocht thuairisciúil, taighde ar sheirbhísí sláinte
Cancer incidence in Irish kidney transplant recipients	Eipidéimeolaíocht thuairisciúil, taighde aeiteolaíoch
Cancer incidence, treatment and mortality surveillance	Eipidéimeolaíocht thuairisciúil

Cancer survival studies	Eipidéimeolaíocht thuairisciúil, taighde ar sheirbhísí sláinte
CANWON - Líonra Ailse agus Oibre an AE	Taighde ar sheirbhísí sláinte, taighde aeiteolaíoch
CaPPE - Cancer Pharmacoepidemiology & Pharmacoeconomics	Taighde ar sheirbhísí sláinte, taighde aeiteolaíoch
CaRE - Cancer and Return to Employment	Taighde ar sheirbhísí sláinte, taighde aeiteolaíoch
CERVIVA - Cuibhreannas Taighde Scagthástála Ceirbheacs na hÉireann	Taighde ar sheirbhísí sláinte
CERVIVA 2 - Cuibhreannas Taighde Scagthástála Ceirbheacs na hÉireann	Taighde ar sheirbhísí sláinte
CERVIVA ICE - Cuibhreannas Taighde Scagthástála Ceirbheacs na hÉireann	Taighde ar sheirbhísí sláinte
CERVIVA ICE II – From episodic care to disease prevention and management: Developing analytical skills and interdisciplinary learning from the case of HPV related cancers	Taighde ar sheirbhísí sláinte
Challenges in cancer survivorship - costs, inequalities and post-treatment follow-up (Tionscadal ICE)	Taighde ar sheirbhísí sláinte, taighde aeiteolaíoch
Childhood and adolescent cancer survival and incidence	Eipidéimeolaíocht thuairisciúil
CONCORD-2 – international cancer survival comparisons	Eipidéimeolaíocht thuairisciúil
Consistency, appropriateness and management of cancer services	Eipidéimeolaíocht thuairisciúil, taighde ar sheirbhísí sláinte
Cost-effectiveness of PSA testing for the secondary prevention of prostate cancer	Taighde ar sheirbhísí sláinte
Costs of lost productivity due to cancer-related premature mortality	Taighde ar sheirbhísí sláinte
Economic impact of cancer in Ireland	Taighde ar sheirbhísí sláinte, taighde aeiteolaíoch
Effect of social and spatial isolation among cancer patients on treatment receipt and survival	Eipidéimeolaíocht thuairisciúil
Effects of pharmacological exposure on Ovarian Cancer	Taighde ar sheirbhísí sláinte, taighde aeiteolaíoch
EU Pancreas - An integrated European platform for pancreas cancer research	Taighde aeiteolaíoch
Excess burden of cancer in men in Ireland 1994-2008	Eipidéimeolaíocht thuairisciúil, taighde ar sheirbhísí sláinte
Factors associated with participation in colorectal cancer screening	Taighde ar sheirbhísí sláinte

Financial impact of a cancer diagnosis	Taighde ar sheirbhísí sláinte, taighde aeiteolaíoch
FINBAR - Factors INfluencing the Barrett's/Adenocarcinoma Relationship	Taighde aeiteolaíoch
Staidéir gheografacha	Eipidéimeolaíocht thuairisciúil
Hospital length-of-stay after cancer surgery	Eipidéimeolaíocht thuairisciúil, taighde ar sheirbhísí sláinte
International comparisons of breast cancer treatment and survival	Eipidéimeolaíocht thuairisciúil, taighde ar sheirbhísí sláinte
PanCAM - Pancreatic Cancer Aetiology & Management	Taighde ar sheirbhísí sláinte, taighde aeiteolaíoch
PiCTure - Prostate Cancer Treatment: the effect on health-related quality-of-life and other patient-reported outcomes	Taighde ar sheirbhísí sláinte, taighde aeiteolaíoch
PiCTure 2 - Men's experiences of prostate cancer care in Ireland	Taighde ar sheirbhísí sláinte
Smoking & survival in cancer	Eipidéimeolaíocht thuairisciúil, taighde ar sheirbhísí sláinte
SuN study - supportive care needs of survivors of head & neck cancer	Taighde ar sheirbhísí sláinte, taighde aeiteolaíoch
SuN Study 2 - supportive care needs of informal carers of survivors of head & neck cancer	Taighde ar sheirbhísí sláinte, taighde aeiteolaíoch
TReat - Treatment Receipt in Elderly women diagnosed with cancer	Eipidéimeolaíocht thuairisciúil, taighde ar sheirbhísí sláinte

Iarratais ar dheontais/mhaoiniú a cuireadh isteach in 2015

Iarratais a rinneadh in 2015 a raibh an cinneadh deiridh ina leith fós ar feitheamh ag deireadh na bliana

Drummond F, O'Brien K et al. Investigation of the feasibility of screening for psychological distress 'the sixth vital sign in cancer care' among men with prostate cancer; Towards improved cancer care and survivorship. Deontais Taighde Sláinte an Bhoird Taighde Sláinte, 2015 [*Níor éirigh leis*.]

PLEANÁIL STRAITÉISEACH 2013-2016

Cúlra

De bharr gur ceapadh bord nua chun na Clárlainne Náisiúnta Ailse sa bhliain 2014, agus de bharr go rabhthas ag súil go rachadh an Stiúrthóir reatha ar scor ag an am céanna, ghlac an Bord cinneadh lena phlean straitéiseach reatha a athnuachan agus a leathnú leis na seirbhísí sláinte agus an timpeallacht taighde in Éirinn, a bhíonn ag athrú i gcónaí, a chur san áireamh. Mar chuid den phróiseas sin d'eagraigh an Bord comhairliúchán, lena n-áirítear suirbhé ar thuairimí eochairchomhlachtaí agus eochairdhaoine aonair maidir le ról na Clárlainne i láthair na huaire agus amach anseo.

Seo a leanas roinnt de na príomhghnéithe a tháinig chun solais de dhroim an chomhairliúcháin sin:

- Ba chóir do chliniceoirí ról ní ba mhó a bheith acu i dtaobh comhairle a chur ar an gClárlann, cuir i gcás, trí Choiste Comhairleach a chur ar bun.
- Ba chóir don Chlárlann ní ba mhó teagmhála a bheith aici le cliniceoirí agus leis an bpobal.
- Ba chóir don Chlárlann fanacht neamhspleách oiread agus is féidir.
- Ba chóir na sonraí a bhailiú agus a chur ar fáil ar bhealach ní ba thráthúla.
- Ba chóir go mbeadh clárú cásanna ailse éigeantach.
- Ba chóir cur leis an ngnáth-thacar sonraí le go mbeadh stair theaghlaigh agus fachtóirí riosca san áireamh ann, mar shampla.
- Ba chóir don Chlárlann iarracht a dhéanamh faisnéis leantach a chur ar fáil ar othair.
- Ba chóir an fhaisnéis a chur ar fáil chomh forleathan agus ab fhéidir.
- Ba chóir taighde a úsáideann idir shonraí clárúcháin agus shonraí breise a spreagadh.

Ghlac an Bord leis an ráiteas straitéise 3 bliana seo a leanas i mí na Nollag 2013.

Ráiteas straitéise 2013-2016

Aidhmeanna

1. Sonraí cruinne, tráthúla, cuimsitheacha a bhailiú tríd an gclárúchán ailse agus trí ghníomhaíochtaí taighde gaolmhara eile.
2. Sonraí agus torthaí anailíse a scaipeadh ar bhealach ábhartha, cuimsitheach.

Dúshláin

Rinne an Bord sainaithint ar roinnt eochairdhúshláin straitéiseacha i dtaobh na Clárlainne.

1. Sainaithint a dhéanamh ar an suíomh barrmhaith don Chlárlann tráth a raibh na seirbhísí poiblí agus sláinte á n-atheagrú agus á n-athchóiriú.
2. Cáilíocht an aischuir sonraí agus taighde ón gClárlann a choinneáil agus a fheabhsú tráth a raibh na seirbhísí sláinte ag athrú agus sriantaí airgeadais á gcur orthu.

3. An Chlárlann a dhéanamh níos ábhartha don phleanáil seirbhísí agus don chleachtas cliniciúil chun leas na n-othar ailse.

Cuspóirí Straitéiseacha

Ghlac an Bord le roinnt cuspóirí straitéiseacha a d'eascair as na dúshláin sin.

1. **Suíomh barrmhaith don Chlárlann**
    a. Ba chóir d'aon socruithe a bheith inbhuanaithe agus ní mór dóibh ligean don Chlárlann fanacht neamhspleách agus sonraí á dtuairisciú aici.
    b. I gcomhairle leis an Aire Sláinte, oifigigh dá chuid, lucht bainistíochta FSS, agus páirtithe eile, cumraíocht agus socrú rialachais fadtréimhseach a chomhaontú don Chlárlann. D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist leis sin leanúint ar aghaidh mar ghníomhaireacht neamhspleách de chuid na Roinne Sláinte, comhtháthú leis an Roinn Sláinte, comhtháthú le gníomhaireacht éirim sláinte nó sláinte poiblí, nó cumasc leis an gClár Náisiúnta Rialaithe Ailse nó le comhpháirtíocht acadúil.
    c. Breathnú ar na féidearthachtaí maidir le naisc níos dlúithe a chothú le comhlachtaí acadúla laistigh d'Éirinn d'fhonn comhoibriú leo ar bhealach níos dlúithe i réimsí amhail taighde, anailísiú sonraí, agus modheolaíocht, chomh maith le deiseanna gairme thaighdeoirí na Clárlainne a fheabhsú.
2. **Cáilíocht an aischuir sonraí agus taighde ón gClárlann a choinneáil agus a fheabhsú**
    a. Comhpháirtíochtaí agus acmhainn a fhorbairt i gcomhair taighde ar an éirim sláinte agus ar sheirbhísí ailse.
    b. Caidreamh níos gníomhaí a chothú le clárlanna agus le comhlachtaí eile sa chuid eile den Eoraip agus níos faide i gcéin.
    c. Rannpháirtíocht agus comhoibriú a spreagadh go forleathan sa taighde.
    d. An Chlárlann a choinneáil ar thús cadhnaíochta ó thaobh fhorbairt an chlárúcháin agus an taighde de ar bhonn idirnáisiúnta.
    e. Breathnú ar na féidearthachtaí maidir le dlúthchaidreamh a fhorbairt le páirtithe san earnáil acadúil, ach gan caidreamh speisialta a chothú le haon institiúid acadúil amháin.
3. **An Chlárlann a dhéanamh níos ábhartha don phleanáil seirbhísí agus don chleachtas cliniciúil**
    a. Próisis teagmhála rialta, éifeachtaí le cliniceoirí agus le grúpaí ospidéal a chur ar bun lena fháil amach cén chaoi a bhféadfadh an Chlárlann cúnamh a thabhairt dóibh, agus cén chaoi a bhféadfaidís cúnamh a thabhairt don Chlárlann.
    b. Aschuir rialta a chur ar fáil.
    c. Breathnú ar mhodhanna le sonraí a bhailiú ar bhealach níos tráthúla.
    d. Breathnú ar na féidearthachtaí maidir le tacar sonraí na Clárlainne a leathnú, go háirithe i gcás na sonraí leantacha.
    e. Infheictheacht na Clárlainne agus na sonraí clárúcháin a mhéadú don phobal agus do chliniceoirí, agus i dtacú le seirbhísí a phleanáil, agus le monatóireacht agus measúnacht a dhéanamh orthu.
    f. Obair a dhéanamh i dtreo na sonraí a chur ar fáil agus a chomhroinnt ar fud fad na seirbhísí ailse agus dúbailt sonraí a sheachaint agus na sonraí á mbailiú agus á dtuairisciú.
    g. Feasacht an phobail ar an gClárlann agus a saothar a fheabhsú.

Bearta Straitéiseacha

1. **Suíomh barrmhaith don Chlárlann**
    a. Todhchaí na Clárlainne a phlé le heochairdhaoine aonair.
    b. Stiúrthóir nua a cheapadh don Chlárlann a bhfuil na scileanna agus an saineolas aige/aici chun a bheith i gceannas ar an gClárlann, í a fhorbairt i rith na hidirthréimhse seo, agus na deiseanna a d'eascródh as aon athchumrú a uasmhéadú.
    c. Tús a chur le plé le comhlachtaí acadúla in Éirinn ar na féidearthachtaí maidir le comhoibriú ar leibhéil éagsúla, lena n-áirítear poist chomhroinnte, áiseanna comhroinnte, agus comharchláir thaighde.
2. **Cáilíocht an aischuir sonraí agus taighde ón gClárlann a choinneáil agus a fheabhsú**
    a. Coiste um fhaisnéis ailse a chur ar bun i ngach grúpa ospidéal le breathnú ar rochtain ar shonraí agus ar acmhainní a úsáid go háitiúil ar bhealach níos éifeachtaí.
    b. Tacú leis an mBille um Fhaisnéis Sláinte agus le clárúchán na hailse a dhéanamh éigeantach
    c. Obair a dhéanamh as lámha a chéile le
        - Foirne TF in ospidéil agus i FSS le hinfhaighteacht agus cáilíocht sonraí leictreonacha ó chórais histeapaiteolaíochta, oinceolaíochta, radaiteiripe, agus ó chórais eile den sórt sin a mhéadú.
        - Tá an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta le rochtain ar shonraí HIPE a fheabhsú;
        - árachóirí sláinte príobháideacha le sonraí maidir le héilimh a chur ar fáil.
    d. Láithreán gréasáin na Clárlainne a fheabhsú le rochtain ar shonraí a fheabhsú.
    e. Cur le líon na bpáipéar a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu.
    f. Baill foirne na Clárlainne a spreagadh chun freastal ar chomhdhálacha cliniciúla le tionscadail taighde agus anailíse a chur i láthair.
    g. Obair a dhéanamh le hinstitiúidí acadúla agus taighde le comharthaighde a fhorbairt in Éirinn agus níos faide i gcéin.
3. **An Chlárlann a dhéanamh níos ábhartha don phleanáil seirbhísí agus don chleachtas cliniciúil**
    a. Grúpa Comhairleach Cliniciúil a chur ar bun, i gcomhar leis an gClár Náisiúnta Rialaithe Ailse, le breathnú ar réimsí a bhfuil suim ag an dá ghrúpa iontu in éineacht le pobal cliniciúil na hailse, lena n-áirítear tuilleadh comhoibrithe i réimsí amhail bailiú sonraí, míreanna breise sonraí, agus tuairisciú níos dírithe.
    b. Dul i ndáil chomhairle leis an Roinn Sláinte, an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse, FSS, agus comhlachtaí ábhartha eile maidir le cineál agus inneachar na n-aschur is mian leo a fháil ón gClárlann.
    c. Acmhainn na Clárlainne a fhorbairt i ndáil leis an eacnamaíocht sláinte agus an mheasúnacht seirbhíse.
    d. Acmhainn a fhorbairt i ndáil le nascáil agus anailísiú na bainistíochta sonraí, i réimsí a bhfuil baint acu le seirbhísí ailse a phleanáil, agus le monatóireacht agus measúnacht a dhéanamh orthu.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Chomhaontaigh an Bord táscairí feidhmíochta in 2010 d'fhonn measúnacht a dhéanamh ar cén chaoi ar éirigh leis an gClárlann na cuspóirí atá leagtha amach sa phlean straitéiseach a bhaint amach. Roghnaíodh spriocanna a bhí beagáinín ní b'fhearr ná an fheidhmíocht a bhí ann cheana sa chuid ba mhó de na réimsí. Tá an fheidhmíocht i gcoinne na dtáscairí seo léirithe thíos don bhliain is déanaí atá ar fáil. Tá na táscairí nár baineadh amach léirithe i gcló dearg.

Aidhmeanna

1. Táscairí feidhmíochta a chur ar fáil le feidhmíocht na Clárlainne Náisiúnta Ailse a thomhas i leith an plean straitéiseach a chur i ngníomh.
2. Feidhmíocht na Clárlainne Náisiúnta Ailse a chur i gcomparáid le comhlachtaí cosúla eile.

Clárúchán

Táscairí feidhmíochta

a. Tráthúlacht	2012	2013
1. Is cóir 50% de na cásanna ailse ionraí, seachas an ailse chraicinn nach meileanóma í, a chlárú laistigh de na chéad 3 mhí tar éis dháta an tarlaithe.	53.6%	49%
2. Is cóir 90% de na cásanna ailse ionraí, seachas an ailse chraicinn nach meileanóma í, a chlárú laistigh de na chéad 12 mhí tar éis dháta an tarlaithe.	82.9%	85.2%
3. Is cóir 90% de na cásanna ailse ionraí, seachas an ailse chraicinn nach meileanóma í, a dhúnadh laistigh de na chéad 24 mí tar éis dháta an tarlaithe.	68.9%	75.6%
b. Cruinneas		
1. Is cóir do chásanna 'deimhniú báis amháin' a bheith níos lú ná 1% de líon iomlán na gcásanna ailse ionraí, seachas an ailse chraicinn nach meileanóma í.	0.5%	1%
2. Is cóir do 90% de na cásanna ailse ionraí, seachas an ailse chraicinn nach meileanóma í, a bheith deimhnithe go micreascópach, má tá an cás dúnta.	92.4%	92.4%
3. Is cóir do chásanna ailse i suíomhanna drochshainithe a bheith níos lú ná 3% de líon iomlán na gcásanna ailse ionraí, seachas an ailse chraicinn nach meileanóma í.	2.0%	2.0%

Taighde agus Scaipeadh

1. Sonraí a chur ar fáil do CI5, EUROCIM, EUROCARE, agus do thionscadail chosúla eile in am is i dtráth de réir mar a iarrtar iad.

- Athbhreithniú ar an Straitéis Ailse – cuireadh tuilleadh sonraí agus anailísí ar fáil don Roinn Sláinte maidir le tarluithe, treochtaí, réamh-mheastacháin, leitheadúlacht, marthanas, stáitsiú, radaiteiripe, cineálacha ógánta ailse agus éagothromas ailse.

2. Páipéir a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu a fhoilsiú in irisleabhair mór le rá

(a) Líon nach lú ná 12 pháipéar (ball foirne de chuid na Clárlainne le bheith ina chéadúdar/dhara-údar/údar sinsearach) a chur isteach lena bhfoilsiú in irisleabhair a ndéantar piarmheasúnú orthu.

- Líon na bpáipéar a foilsíodh/a bhí ag na clódóirí in 2015 (a cuireadh isteach in 2015) a raibh ball foirne de chuid na Clárlainne Náisiúnta Ailse ina chéadúdar nó ina údar deireanach/sinsearach orthu: **10** (as na 17 bpáipéar ar an iomlán a raibh ball foirne de chuid na Clárlainne ina chéadúdar/ina chomhúdar orthu, ach gan páipéir a cuireadh isteach in 2014 a áireamh).
- Líon na bpáipéar a cuireadh isteach in 2015 agus a bhí á measúnú amhail ar an 31/12/2015 a raibh ball foirne de chuid na Clárlainne Náisiúnta Ailse ina chéadúdar nó ina údar deireanach/sinsearach orthu: **4** (is eol nach bhfuil an figiúr seo iomlán)

(b) Líon nach lú ná 24 láithreoireacht ó bhéal nó láithreoireacht phóstaeir a thabhairt ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta.

- Líon na láithreoireachtaí ag comhdhálacha (tar éis cuireadh a fháil, ó bhéal, nó póstaer) a thug baill foirne de chuid na Clárlainne in 2015: **25**

3. A Bheith i gceannas ar chur isteach 4 iarratas ar dheontais/mhaoiniú, nó bheith páirteach iontu.

- Líon na n-iarratas a rinneadh ar dheontais/mhaoiniú le linn 2015: **1**

4. Plé a dhéanamh le 80% de cheisteanna laistigh de 2 sheachtain tar éis a bhfála.

- Rinneadh plé le **397** ceist in 2015; tugadh freagra ar 93% laistigh de 2 sheachtain.

5. Tuairiscí/tuarascálacha a chur i dtoll a chéile ar shonraí na Clárlainne, lena n-áirítear (a) ceithre thuairisc ar threochtaí ailse; agus (b) tuarascáil bhliantúil na Clárlainne.

- Líon na dtuarascálacha a foilsíodh in 2015: 1 (an tuarascáil bhliantúil san áireamh)
- Líon na dtuairiscí a foilsíodh in 2015: **3**

Riarachán

1. Cuntais bhliantúla agus tuarascáil an Bhoird a chur i dtoll a chéile faoin 30 Meitheamh

- Comhlíonta

2. An plean seirbhíse a chur faoi bhráid na Roinne Sláinte tráth nach déanaí ná 4 seachtaine tar éis na litreach leithdháilte

- Comhlíonta

3. Caiteachas na Clárlainne le bheith laistigh den bhuiséad bliantúil

- Comhlíonta

4. Moltaí na dtuairiscí iniúchta inmheánaigh a chur i bhfeidhm laistigh den tréimhse ama a comhaontaíodh
    - Comhlíonta. Cuireadh na moltaí ar fad i bhfeidhm laistigh de na tréimhsí ama a comhaontaíodh.

FORBHREATHNÚ AR ÚSÁID FUINNIMH IN 2015

Is iad an córas aerchóirithe agus an córas téimh an dá rud is mó a úsáideann fuinneamh sa Chlárlann Náisiúnta Ailse. I measc na rudaí eile a úsáideann fuinneamh tá soilsiú, trealamh oifige, agus lónadóireacht. Is é an leictreachas a sholáthraíonn cumhacht do na rudaí seo ar fad agus ní úsáidtear an gás ná breoslaí iontaiseacha chun aon chríche. Ní féidir an t-ídiú leictreachais a leithroinnt ar na húsáidí éagsúla seo, ós rud é go n-úsáideann siad ar fad an soláthar céanna.
In 2015 d'ídigh an Chlárlann Náisiúnta Ailse 75.3 MWh d'fhuinneamh agus is leictreachas a bhí san fhuinneamh sin ar fad.

Bearta a Rinneadh in 2015

In 2015 thug an Chlárlann faoi réimse tionscnamh d'fhonn ár bhfeidhmíocht ó thaobh fuinnimh de a fheabhsú. Ina measc siúd bhí:

- Tionscadal fíorúlaithe a chur i bhfeidhm i seomra na bhfreastalaithe - díchoimisiúnaíodh sé fhreastalaí, a bhí ina chúis le coigilteas mór ó thaobh úsáid fuinnimh de;
- Laghdú ar úsáid na gcóras téimh agus aerchóirithe trí théamh agus fuarú nádúrtha a úsáid go tuisceanach;
- Gach trealamh TF nach bhfuil riachtanach a mhúchadh nuair nach mbíonn sé á úsáid.

An Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse

Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

Clár na nÁbhar

	Leathanach
Baill an Bhoird agus Faisnéis Eile	**1**
Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Bhaill an Bhoird	**2**
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais	**3**
Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	**4**
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe	**5**
Ráiteas ar an Staid Airgeadais	**6**
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	**7**
Nótaí a ghabhann leis na Cuntais	**8 – 18**

Faisnéis

An Bord i Láthair na hUaire

Ainm	**Dáta a C(h)eaptha**
An Dr. Susan O'Reilly (Cathaoirleach)	An 14 Feabhra 2013
An Dr. Anna Gavin	An 14 Feabhra 2013
An Dr. Fenton Howell	An 14 Feabhra 2013
An tUas. John McCormack	An 14 Feabhra 2013
An tUas. Michael Conroy	An 14 Deireadh Fómhair 2013
Orla Dolan	An 14 Deireadh Fómhair 2013
An Dr. Cathy Kelly	An 2 Aibreán 2014

Stiúrthóir An Dr. Harry Comber

Seoladh Gnó Foirgneamh 6800, Páirc Gnó Aerfort Chorcaí,
Bóthar Chionn tSáile,
Corcaigh.

Iniúchóir An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste,
3A Sráid an Mhéara
Baile Átha Cliath

Banc Bainc-Aontas Éireann c.p.t.,
66 An Meal Theas,
Corcaigh.

Banc na hÉireann
Aerfort Chorcaí
Corcaigh

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na mBall Boird

Éilítear ar bhaill an Bhoird leis an Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991 ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, a thugann léargas fírinneach cóir ar staid ghnóthaí an Bhoird agus ar a chuid ioncaim agus caiteachais don tréimhse sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar an mBord:

- polasaithe cuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- cloí leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin atá nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé neamhfhóirsteanach talamh shlán a dhéanamh de go leanfar d'fheidhmiú an Bhoird.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád a nochtann staid an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse ó thaobh airgeadais de ag aon am le cruinneas réasúnach, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais an tOrdú. Tá sé freagrach as sócmhainní an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse a chosaint chomh maith agus, mar sin, as gach beart réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Bhoird

..... Dáta: .....
An Dr. Susan O'Reilly
Cathaoirleach

..... Dáta: .....
An Dr. Fenton Howell
Baill an Bhoird

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

Freagrachtaí

Aithnímse, thar ceann an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse, go bhfuil de dhualgas orainn a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnta, nach bhfuil absalóideach, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath laistigh de thréimhse thráthúil ama.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Seo a leanas na príomhnósanna imeachta rialaithe atá i bhfeidhm le rialú éifeachtach airgeadais a sholáthar:

- Struchtúr bainistíochta atá sainmhínithe go soiléir.
- Cuireadh clár rioscaí i dtoll a chéile in 2010 agus coinníodh cothrom le dáta é i rith 2015.
- Cuireadh cáipéis nósanna imeachta i bhfeidhm don bhliain 2015, ar cáipéis í ina bhfuil treoracha leagtha amach i ndáil le gach gníomhaíocht airgeadais. Tá breac-chuntas tugtha sa cháipéis seo ar na nósanna imeachta i ndáil le tuarastail, sonraisc, agus éilimh chostais a riar, le hidirbhearta cárta creidmheasa agus mionairgid a úsáid, chomh maith leis na nósanna imeachta i ndáil le sócmhainní a dhiúscairt. Is é Coláiste na hOllscoile, Corcaigh a rinne plé leis an bpárolla in 2015.
- Tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile 4 huaire le linn 2015 agus rinne sé athbhreithniú ar an Iniúchóireacht Inmheánach, rud atá á dhéanamh ar conradh ag gnólacht príobháideach cuntasóirí in 2015.
- In 2015 rinneadh iniúchóireachtaí inmheánacha ar na réimse seo a leanas: Ioncam Deontais Taighde, Rialuithe Inmheánacha don Bhliain 2014. Chomhaontaigh an Bord go foirmeálta go raibh siad sásta leis na rialuithe inmheánacha airgeadais atá ann sa Chlárlann ag an gcruinniú boird ar an 1 Feabhra 2016.
- Comhaontaíodh buiséad bliantúil foriomlán don Chlárlann Náisiúnta Ailse, a raibh buiséad ar leith don Teicneolaíocht Faisnéise ina chuid de. Cuirtear tuairisc i dtoll a chéile ar bhonn míosúil le figiúirí iarbhír a chur i gcomparáid le figiúirí buiséid agus coinnítear na figiúirí ionchais bliantúla cothrom le dáta i rith na bliana.
- Déanann an Bord athbhreithniú ar thuairiscí airgeadais, idir thréimhsiúil agus bhliantúil, ag gach uile cheann dá chruinnithe.

Athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha

Dearbhaímse leis seo go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais don bhliain 2015 ag an gcruinniú boird ar an 1 Feabhra 2016.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse

..... Dáta: .....

An Dr. Susan O'Reilly
Cathaoirleach

Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

	Nótaí	2015 €	2014 €
Ioncam			
An Roinn Sláinte	**2**	**2,662,804**	2,587,729
Ranníocaíochtaí sochair scoir		**98,646**	74,199
Ioncam Eile	**3**	**625,039**	501,261
		3,386,489	3,163,189
Aistriú (chuig)/ón gcuntas caipitil		**(115,208)**	(47,945)
Iomlán an Ioncaim		**3,271,281**	3,115,244
Caiteachas			
Costais foirne	**4**	**2,584,847**	2,637,712
Costais riaracháin	**5**	**677,771**	491,092
Taisteal agus cothú		**53,256**	58,904
Iomlán an Chaiteachais		**3,315,874**	3,187,708
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		**(44,593)**	(72,464)
Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 1 Eanáir		**57,213**	129,677
Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 31 Nollaig		**12,620**	57,213

Thar ceann an Bhoird:

..... Dáta: .....
An Dr. Susan O'Reilly
Cathaoirleach

..... Dáta: .....
An Dr. Fenton Howell
Baill an Bhoird

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais ar leathanach 7 agus na nótaí ar leathanaigh 8-17 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Ráiteas ar an Staid Airgeadais
amhail ar an 31 Nollaig 2015

	Nótaí	2015 €	2015 €	2014 €	2014 €
Maoin, Gléasra agus Trealamh	**6**		**199,360**		84,152
Sócmhainní Reatha					
Nithe Infhála agus Réamhíocaíochtaí	**7**	**219,897**		176,828	
Airgead tirim agus a shamhail		**354,780**		555,314	
		574,677		732,142	
Dliteanais Reatha					
Asbhaintí ag na Coimisinéirí					
Ioncaim agus Asbhaintí Párolla		**71,561**		74,430	
Nithe iníoctha eile		**15,725**		7,778	
Fabhruithe		**129,419**		107,786	
Deontais a fuarthas roimh ré	**8**	**345,352**		484,935	
		562,057		674,929	
Glansócmhainní Reatha			**12,620**		57,213
Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha			**211,980**		141,365
A sheasann do:					
Cuntas Caipitil	**9**		**199,360**		84,152
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais			**12,620**		57,213
			211,980		141,365

Thar ceann an Bhoird:

……..... Dáta: .....
An Dr. Susan O'Reilly
Cathaoirleach

..... Dáta: .....
An Dr. Fenton Howell
Baill an Bhoird

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais ar leathanach 7 agus na nótaí ar leathanaigh 8-17 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Ráiteas ar Shreafaí Airgid

Réiteach an Bharrachais/(an Easnaimh) don bhliain leis an glan-insreabhadh airgid

	2015	2014
Sreafaí Airgid mar thoradh ar Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas/(Easnamh) don bhliain	**(44,593)**	(72,464)
(Méadú)/Laghdú ar Infháltais agus Réamhíocaíochtaí	**(43,068)**	(77,093)
Meadú/(Laghdú) ar asbhaintí ag na Coimisinéirí Ioncaim agus Asbhaintí Párolla	**(2,869)**	(12,050)
Meadú/(Laghdú) ar Nithe Iníoctha Eile	**7,947**	(11,972)
Meadú/(Laghdú) ar Fhabhruithe	**21,633**	56,374
Meadú/(Laghdú) ar Dheontais roimh Ré	**(139,584)**	7,584
Glan-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	**(200,534)**	(109,621)
Airgead tirim agus a shamhail amhail ar an 1 Eanáir 2015	**555,314**	664,935
Airgead tirim agus a shamhail amhail ar an 31 Eanáir 2015	**354,780**	555,314

Nótaí a ghabhann leis na Cuntais
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

1. Polasaithe Cuntasaíochta

Tá leagtha amach anseo thíos an bunús cuntasaíochta agus na polasaithe suntasacha cuntasaíochta ar ghlac an Chlárlann Náisiúnta Ailse leo. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad ó thús deireadh na bliana agus don bhliain roimhe freisin.

a) Eolas Ginearálta

Cuireadh an Chlárlann Náisiúnta Ailse ar bun de bhun an Ordaithe fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991 agus tá a ceannoifig lonnaithe ag Foirgneamh 6800, Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí, Bóthar Chionn tSáile, Corcaigh.

Bhunaigh an tAire Sláinte an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse sa bhliain 1991 trí Ionstraim Reachtúil. Bunaíodh í le faisnéis ar gach cás ailse in Éirinn a thaifeadadh agus tá sí ag bailiú a leithéid de shonraí sin ón mbliain 1994 i leith.

Rinneadh leasú ar an reachtaíocht in 1996 lenár bhfeidhmeanna a leagadh síos. Seo a leanas na feidhmeanna sin:

- Faisnéis a aithint, a bhailiú, a aicmiú, a thaifeadadh, a stóráil, agus a anailísiú i ndáil le líon agus leitheadúlacht na gcásanna ailse agus siadaí gaolmhara eile in Éirinn;
- Faisnéis a bhailiú, a aicmiú, a thaifeadadh, agus a stóráil i ndáil le gach othar aonair ailse nuadhiagnóisithe agus le gach siada nua a tharlaíonn;
- Úsáid na sonraí a bhailítear ar an gcaoi seo a chur chun cinn agus a éascú i dtaighde ceadaithe agus i seirbhísí a phleanáil agus a bhainistiú;
- Tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar ghníomhaíochtaí na Clárlainne;
- Comhairle, faisnéis, agus cúnamh a chur ar fáil don Aire i ndáil le haon ghné dá leithéid de sheirbhís.

Aonán Tairbhe Poiblí is ea an Chlárlann Náisiúnta Ailse.

b) Ráiteas ar Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Clárlainne Náisiúnta Ailse don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 de réir FRS 102, .i. an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC) agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann. Is iad seo na chéad ráitis airgeadais de chuid na Clárlainne a ullmhaíodh de réir FRS 102. Ba é an 1 Eanáir 2014 dáta an aistrithe go dtí FRS 102. Níor imir an t-aistriú go dtí FRS 102 aon tionchar ar an staid airgeadais ná ar an bhfeidhmíocht airgeadais a tuairiscíodh. Bíodh sin mar atá, bhí orainn Cúlchiste na nDeontas Caipitil a chur i láthair ar bhealach athbhreithnithe mar thoradh ar an aistriú.

c) Bonn a nUllmhaithe

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoin modh fabhraithe cuntasaíochta, agus de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil sa leagan amach atá ceadaithe ag an Aire Sláinte le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir Alt 21 den Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991.

Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhí plé á dhéanamh le míreanna a mheastar atá bainteach le ráitis airgeadais na Clárlainne.

d) Ioncam

Deontais ón Oireachtas

Aithnítear deontais ioncaim ar bhonn na bhfáltas airgid. Déantar deontais chaipitil a aistriú chuig an gCuntas Caipitil agus a amúchadh le himeacht na tréimhse céanna le dímheas na sócmhainní seasta ábhartha.

e) Deontais Taighde

Aithnítear deontais taighde sa tréimhse ina dtabhaítear an caiteachas a bhaineann leo agus luaitear sna cuntais faoi Ioncam Eile iad.

f) Maoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide an dímheas carntha, arna gcoigeartú de réir aon fhorálacha laige. Sonraítear dímheas ar gach sócmhainn sheasta, seachas talamh ruílse agus saothair ealaíne, ar rátaí atá measta chun costas na sócmhainní, lúide a luach iarmharach measta, a dhíscríobh ar bhonn na líne dírí le himeacht a saolré measta, mar seo a leanas:

(i) Daingneáin agus Feistis	20% in aghaidh na bliana
(ii) Trealamh Oifige	20% in aghaidh na bliana
(iii) Crua-earraí Ríomhaireachta	25% in aghaidh na bliana
(iv) Bogearraí Ríomhaireachta	33% in aghaidh na bliana

Seasann an luach iarmharach don tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair dá ndiúscrófaí sócmhainn, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mba rud é go raibh an tsócmhainn sin san aois agus sa chaoi a mbeifí ag súil leo ag deireadh a saolré ionchais.

Más ann d'fhianaise oibiachtúil go bhfuil luach sócmhainne lagaithe, aithnítear sa bhliain sin caillteanas laige sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe.

g) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe le himeacht shaolré an léasa.

h) Sochair d'Fhostaithe

Sochair Ghearrthréimhseacha

Aithnítear sochair ghearrthréimhseacha, amhail pá saoire, mar chostas sa bhliain sin, agus cuirtear na sochair a bhíonn fabhraithe ag deireadh na bliana san áireamh san fhigiúir Nithe iníoctha, a bhíonn sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Nótaí a ghabhann leis na Cuntais
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

i) Sochair Scoir

Ar ordú an Aire Sláinte, níl aon fhoráil déanta i leith na sochar fabhraithe a bheidh le híoc amach anseo faoi Scéim Aoisliúntais na Gníomhaireachtaí Ainmnithe Sláinte ná faoin Scéim do Chéilí agus Leanaí a bhaineann léi. Cuirtear ranníocaíochtaí ó fhostaithe ar baill den scéim iad chun sochair sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais tráth a bhfála. Cuirtear íocaíochtaí sochair scoir chun dochair sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais tráth a n-íoctar iad.

j) Breithiúnais chriticiúla chuntasaíochta agus Meastacháin

Éilítear ar an lucht bainistíochta breitheanna, meastacháin agus tuairimí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na suimeanna a thuairiscítear maidir le sócmhainní agus dliteanais amhail ar dháta an chláir comhardaithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear mar ioncam agus costais le linn na bliana. Bíodh sin mar atá, d'fhéadfadh sé go mbeadh na torthaí iarbhír éagsúil ó na meastacháin sin de bharr gur meastacháin iad. Seo a leanas na breitheanna is mó a chuaigh i bhfeidhm ar na suimeanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

Dímheas agus Luach Iarmharacha

Rinne na Stiúrthóirí athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha na n-aicmí sócmhainne seasta uile lena mbaineann, agus go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus luacha iarmharacha daingneán agus feisteas, agus bhain de thátal as gur iomchuí atá na saolréanna agus na luacha iarmharacha.

Nótaí a ghabhann leis na Cuntais
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

2. An Roinn Sláinte

	2015	2014
	€	€
Deontais Ioncaim (Vóta 38 , Fo-cheannteideal B1)	**2,440,000**	2,498,000
Deontas Caipitil (Nóta 8)	**222,804**	89,729
	2,662,804	2,587,729

3. Ioncam Eile

	2015	2014
	€	€
Deontais Taighde		
Carthanas Próstataigh 2 (CATÉ)	**33,838**	51,675
CARG	**80,377**	14,856
Deontas PSA (BTS)	**1,393**	13,622
Deontas um Leithlisiú Sóisialta agus Spásúil (Cumann Ailse na hÉireann)	**0**	40,165
Bowelfit	**1,784**	5,668
Síneadh an tionscadail ailse chinn agus mhuiníl (BTS)	**542**	25,697
Deontas maidir leis an Ailse i measc Mná Breacaosta (BTS)	**136**	951
Deontas um Thorthaí Fostaíochta (BTS)	**11**	2,211
Eurocourse (AE)	**619**	207
Deontas um an ailse chinn agus mhuiníl (BTS)	**20,950**	358
IPCOR	**30,776***	0
Deontas Sanofi (Sanofi Aventis)	**2,435**	811
Carthanas Próstataigh (CATÉ)	**545**	28,562
Rarecare (AE)	**250**	83
Pharmacoepi Ubhagánach (BTS)	**132,350**	55,171
Feabhsú Acmhainne Idirdhisciplíní do Dhaoine a Tháinig Slán as an Ailse (BTS)	**186,165**	168,134
Ailse chinn agus mhuiníl (CAÉ)	**22,991**	0
Feabhsú Acmhainne Idirdhisciplíní Cerviva (BTS)	**38,539**	66,231
Síneadh PSA (BTS)	**2,274**	16,123
Maoiniú Eurochip (AE)	**2,685**	896
Pharmacoepi ICE (BTS)	**29,637**	46
Rarecare Net (AE)	**42**	624
Cerviva ICE 2 (BTS)	**22,703**	0
Líonra Ailse na Fola	**350**	0
Ailse Chomhionannais in Aois an Pháiste (CAÉ)	**11,200**	0
	622,592	492,091
Deontas nach mbaineann le Taighde		
Ilghnéitheach	**2,397**	8,870
Díol Sócmhainní Seasta	**50**	300
	2,447	9,170
	625,039	501,261

** san áireamh i ndeontas caipitil €1,498*

Seo a leanas na deontóirí: An Bord Taighde Sláinte (BTS), An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), an tAontas Eorpach (AE), Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach (ITC), Clárlann Ailse Thuaisceart Éireann (CATÉ)

4. Faisnéis maidir le Fostaithe agus Luach Saothair

	2015 Uimhir	2014 Uimhir
Seo a leanas meánlíon na bhfostaithe i rith na bliana:		
Stiúrthóir	**1**	1
Riarachán	**32**	33
Oifigigh Cláraithe Siadaí	**19**	21
	52	55

Costais Fostaíochta	**2015 €**	2014 €
Pá agus tuarastail	**2,148,787**	2,186,747
Costais árachais shóisialta	**208,956**	218,576
Sochair Scoir	**227,104**	232,389
	2,584,847	2,637,712

	2015 €	2014 €
Cúiteamh d'eochairphearsanra de chuid na foirne bainistíochta		
Luach saothair an Stiúrthóra	**64,374**	54,962
Costais an Stiúrthóra	**2,218**	2,241

Chuaigh an Stiúrthóir ar scor ar an 5 Meitheamh 2014, ceapadh ina Stiúrthóir Eatramhach é ar an 18 Lúnasa 2014 agus d'fhóin sa cháil sin i rith 2015. Ba é luach saothair an Stiúrthóra ón 1 Nollaig 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015 ná €64,374. Tá an Stiúrthóir ina bhall de Scéim Aoisliúntais na nGníomhaireachtaí Ainmnithe Sláinte agus ní bhfuair sé aon luaíocht feidhmíochta in 2015.

Luach Saothair agus Costais na mBall Boird	**2015 €**	2014 €
Costais taistil agus chothaithe le freastal ar chruinnithe boird	**184**	434

Ní fhaigheann baill an bhoird táillí.

Nótaí a ghabhann leis na Cuntais
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

5. Costas Riaracháin

	2015	2014
	€	€
Tomhaltáin Oifige	**9,873**	9,184
Táillí cúiréara agus seachadta	**438**	1,160
Leabhair agus tréimhseacháin	**200**	635
Táille iniúchóireachta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	**8,700**	8,700
Táillí iniúchóireachta eile	**7,380**	10,742
Earcaíocht	**26,061**	5,190
Táillí oiliúna agus comhdhála	**57,129**	56,665
Cíos, rátaí, agus táillí seirbhíse	**130,978**	133,024
Árachas	**9,932**	14,387
Deisiú agus cothabháil foirgnimh	**104**	125
Solas agus teas	**14,846**	22,876
Ceadúnais, síntiúis, agus tacaíocht	**99,953**	73,969
Clódóireacht, postas, agus stáiseanóireacht	**16,532**	4,867
Teileafón, facs, agus Idirlíon	**47,824**	43,388
Táillí dlí agus gairmiúla	**4,950**	8,554
Táillí bainc	**560**	614
Ilchostais	**17,035**	33,074
Comhar-thionscadail taighde	**109,397**	20,575
Tomhaltáin Teicneolaíochta Faisnéise	**6,785**	1,579
Dímheas ar threalamh ríomhaireachta	**104,570**	37,657
Dímheas ar dhaingneáin agus Feistis	**4,210**	3,812
Dímheas ar threalamh oifige	**314**	315
Iomlán na gCostas Riaracháin	**677,771**	491,092

6. Maoin, Gléasra agus Trealamh

	Trealamh Ríomhaireachta	Daingneáin agus Feistis	Trealamh Oifige	Iomlán
	€	€	€	€
Costas				
Amhail ar an 1 Eanáir 2015	473,863	310,749	19,919	804,531
Breiseanna	222,304	1,999	0	224,303
Diúscairtí	2,367	0	0	2,367
Amhail ar an 31 Nollaig 2015	**693,800**	**312,748**	**19,919**	**1,026,467**
Dímheas				
Amhail ar an 1 Eanáir 2015	398,136	302,638	19,605	720,379
Ar dhiúscairtí	2,367	0	0	2,367
Muirear don bhliain	104,569	4,212	314	109,095
Amhail ar an 31 Nollaig 2015	**500,338**	**306,850**	**19,919**	**827,107**
Glanluachanna de réir na Leabhar				
Amhail ar an 31 Nollaig 2015	**193,462**	**5,898**	**0**	**199,360**
Amhail ar an 31 Nollaig 2014	75,727	8,111	314	84,152

7. Infháltais

	2015	2014
	€	€
Infháltais – Deontais Taighde	133,104	123,553
Infháltais – Eile	7,387	3,202
Réamhíocaíochtaí	79,406	50,073
	219,897	176,828

8. Deontais réamhíoctha/i riaráiste

Tionscadal (Deontóir)	Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir	Ioncam a Fuarthas	Aistríodh chuig Cuntas I agus C	Iarmhéid deiridh an 31 Nollaig
Deontais atá réamhíoctha faoi láthair	**€**	**€**	**€**	**€**
Maoiniú Eurochip (AE)	2,685	0	2685	0
Deontas Rarecare (AE)	250	0	250	0
Deontas um Thoradh Fostaíochta (AE)	11	0	11	0
Pharmacoepi ICE (BTS)	17,156	32,140	29,637	19,659
Ailse chinn agus mhuiníl (BTS)	1,074	0	542	532
An Ailse i measc Mná Breacaosta (CSB)	136	0	136	0
Sanofi (Sanofi Aventis)	2,435	0	2,435	0
Eurocourse (AE)	619	0	619	0
Pharmacoepi Ubhagánach	119,980	71,183	132,350	58,813
ICE ar Dhaoine a Tháinig Slán as Ailse (BTS)	163,923	223,343	186,165	201,101
Líonra Rarecare (AE)	4,561	0	41	4,520
Deontas um an ailse chinn agus mhuiníl, céim 2 (BTS)	22,508	0	20,949	1,559
Leithlisiú Leata Shóisialta (BTS)	17,846	(17,846)	0	0
CARG (BTS)	119,248	0	80,377	38,871
Antaigin Sainphróstataigh (ASP) (BTS)	6,987	(3,721)	1,393	1,873
Síneadh PSA (BTS)	2,273	0	2,273	0
IPCOR (MMI)	0	46,505	30,777	15,728
Carthanas Próstataigh (CATÉ)	3,243	0	547	2,696
				345,352
Deontais atá i riaráiste				
Triail lánrandamaithe chóimheastóra Cerviva (BTS)	(29,437)	29,437	0	0
Eispéiris Fear (BTS)	(14,997)	0	0	(14,997)
Cerviva ICE (BTS)	(21,775)	1,326	38,539	(58,988)
Carthanas Próstataigh 2 (CATÉ)	(51,675)	85,513	33,838	0
Ailse chinn agus mhuiníl (CAÉ)	0	0	22,991	(22,991)
Ailse Chomhionannais in Aois an Pháiste (CAÉ)	0	0	11,201	(11,201)
Cerviva ICE 2 (BTS)	0	0	22,703	(22,703)
Líonra Ailse na Fola (OÉG)	0	0	350	(350)
Bowelfit (COC)	(5,669)	5,578	1,783	(1,874)
				(133,104)

Iomlán	361,382	473,458	622,592	212,248

Seo a leanas deontóirí na ndeontas taighde:

An Bord Taighde Sláinte (BTS)
An tAontas Eorpach (AE)
An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA)
Clárlann Ailse Thuaisceart Éireann (CATÉ)
Cumann Ailse na hÉireann (CAÉ)
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (COC)
Comhairle Sláinte na mBan (CSB)
Míochaine Mhóilíneach Éireann (MMÉ)

9. Cuntas Caipitil

	2015 Iomlán €	2014 Iomlán €
Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2015	**84,152**	36,207
Aistriú chuig an/(ón) gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		
Cistí ioncaim a leithdháileadh le sócmhainní seasta a fháil (Vóta 38 fo-cheannteideal B1)	0	0
Deontas chaipitil a fuarthas ón Roinn Sláinte (Vóta 38 fo-cheannteideal L1)	222,804	89,729
Cistí ioncaim a leithdháileadh le sócmhainní seasta a fháil (Deontas BTS)	1,498	0
Amúchadh suime ar aon dul le dímheas sócmhainní	(109,094)	(41,784)
	115,208	47,945
Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2015	**199,360**	84,152

10. Léasanna Oibriúcháin

Tá an Bord bunaithe in áitreabh i bPáirc Gnó Aerfort Chorcaí, ar áitreabh é a bhfuil léas 5 bliana aige ina leith atá le dul in éag ar an 30 Samhain 2017.

	2015	2014
Léasanna a cuireadh chun dochair sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais	98,400	98,400

Tá na ceanglais seo a leanas ag an mBord faoi léasanna oibriúcháin, atá le dul in éag:

Laistigh d'aon bhliain amháin	-	-
Laistigh de 2-5 bliana	188,600	287,000

Nótaí a ghabhann leis na Cuntais
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

11. Asbhaint atá bainteach le pinsin

De réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, 2009, tháinig asbhaint atá bainteach le pinsin i bhfeidhm d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí ón 1 Márta 2009. Bhailigh an Chlárlann Náisiúnta Ailse an asbhaint agus d'íoc gach mí í. Bhí suim iomlán na n-íocaíochtaí míosúla a íocadh leis an Roinn Sláinte don tréimhse ó mhí Eanáir 2015 go dtí mí na Nollag 2015 cothrom le €107,042

12. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 26 Aibreán 2016